Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN
2022/2023

DEIREADH FÓMHAIR 2022 – MEÁN FÓMHAIR 2023



Ar aghaidh

# Clár

Réamhrá an Uachtaráin 3
Bliain in COC 4
Fís, Misean agus Luachanna 6
Plean Straitéiseach 2023–2028: Go Buan Feasta 7
Rathúlacht na Mac Léinn 10

Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta 18
Coláiste an Ghnó agus an Dlí 20
Coláiste an Leighis agus na Sláinte 22
Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia 24

Taighde agus Nuálaíocht 26
Caidreamh Domhanda 32
Ár bhFoireann, Ár gCultúr 34
Ár nÁit, Lorg Ár gCos 37

Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht 43
Alumni agus Forbairt 45
Airgeadas agus Acmhainní 47
Fo-Chuideachtaí 50
Rialachas 52
Rogha Tuairisciú na Meán 55
Spléachadh ar COC 57



# Réamhrá an Uachtaráin



Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar bhuaicphointí na bliana inar tharla mórchuid foghlama agus caidrimh in COC. Bhíos féin spreagtha ag an fhoireann dhíograiseach, na mic léinn ghníomhacha agus na cairde iontacha anseo. I mí Aibreáin, bhronnamar dochtúireacht oinigh ar bhuaiteoir Dhuais Nobel an Dr Katalin Karikó as a cuid oibre ar vaicsín mRNA Covid-19 a shábháil an iliomad beathaí ar fud an domhain. Duine ar leith is ea Katalin Karikó a sheasann do luachanna na hollscoile seo: muinín, buanseasmhacht agus sinn ag obair le chéile chun barrfheabhas a bhaint amach i gcúrsaí taighde.

I mí na Nollag chuireamar críoch le cur i bhfeidhm COC 2022: Ag soláthar Ollscoil Chónasctha, plean saincheaptha dhá bhliain a thóg áit an dá bhliain dheireanacha dár dtimthriall straitéiseach deireanach. Bhí na tosaíochtaí athnuaite mar theoir dár bhfócas institiúideach agus thacaigh siad linn chun ár gcuid croí-thosaíochtaí a sholáthar le linn agus i ndiaidh ghéarchéim Covid-19, agus sinn ag cinntiú caighdeán foghlama, teagaisc, taighde agus oibre. Ní hamháin an méid sin áfach, ach thacaigh siad le COC chun tionscadail mhóra a chur chun cinn ar fud na hollscoile le linn tréimhse achrannach agus neamhchinnte.

Agus sinn meáite ar ár gcultúr a fheabhsú agus deiseanna a thapú, tá tábhacht nach beag ag baint le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú in COC. Cuireann na tionscnaimh nua sna réimsí seo leis an méid a fhoghlaimíomar as an gcomhairliúchán a deineadh le mic léinn agus baill foirne sa suirbhé in 2022 ar Luachanna agus Cultúr de chuid an EDI agus cuireadh an deis ar fáil sa timthriall pleanála straitéisí nua chun ár gcuid luachanna eagraíochtúla a athnuachan agus a athchóiriú.

Agus an cúlra seo againn chuathas i gcomhairle go forleathan agus sinn ag pleanáil le haghaidh an timthrialla phleanála atá romhainn. I mí Feabhra, d'fhoilsíomar Go Buan Feasta: Plean Straitéiseach COC 2023-2038, plean nua cúig bliana. Leagtar amach ann ár bhfís chun naisc a dhéanamh le daoine agus iad a chumasú chun eolas a chruthú a mhúnlóidh domhan inbhuanaithe agus ionchuimsitheach agus chun na scileanna eagraíochtúla a fhorbairt a chinnteoidh go mbeimid réidh don am atá le teacht.

Rinneadh dul chun cinn nach beag i mbliana chun dlús a chur faoi thaighde idirdhisciplíneach agus chun réitigh a sholáthar ar dhúshláin naisiúnta agus dhomhanda. Feictear na buntáistí dár bhfócas daingnithe sa chreat Todhchaíochtaí COC chun ár gcuid nasc taighde agus tionsclaíochta a threisiú agus bliain ab ea í ina bhfuarthas ioncam taighde iontach de bhua ár gcuid éachtaí le blianta beaga anuas.


Táimid lántiomanta d'inbhuanaitheacht agus do ghníomhartha aeráide agus i mí Eanáir, thosaigh COC mar an gcéad champas saor ó phlaisteach in Éirinn. Toradh ab ea é seo ar thionscnamh a chuir ár gcuid mac léinn ar bun in 2018 agus baineadh amach é a bhuí le comhoibriú uile-ollscoile. Bhí seo ar cheann den iliomad tionscnamh atá ar bun agus sinn meáite ar champas níos inbhuanaithe a chruthú agus mórchúis mhórtais dúinn ab ea í ár Plean um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide a seoladh i mí an Mheithimh inar leagadh amach na tionscnaimh chéanna. Tá COC ar an seachtú hollscoil is inbhuanaithe ar domhan agus d'fhreastalaíomar ar COP27 anuraidh. Ina theannta sin, sheolamar Gréasán na Réiteach Forbartha Inbhuanaithe in éineacht le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste agus bhuamar an gradam Institiúid na Bliana um Inbhuanaitheacht Dhomhanda na Fallainge Glaise.

Tharla Athbhreithniú Feabhais Institiúideach COC i mí Márta, bunaithe ar fhéinmheasúnú institiúideach agus thug painéal piar-athbhreithnithe cuairt ar an institiúid. Rinne an Fhoireann Athbhreithniú idirnáisiúnta moltaí i 39 réimse, lena n-áirítear cur chuige iontach COC i leith na pleanála straitéisí; tiomantas don inbhuanaitheacht; tacaíocht Chomheagraí na Chéad Bhliana do mhic léinn agus Ionad na Scileanna; tacaíocht do mhic léinn Rochtana agus úsáid cheannródaíoch na hearnála a baineadh as Aitheantas ar Réamhfhoghlaim; agus caidreamh le páirtithe leasmhara seachtracha i gCorcaigh, i gCúige Mumhan agus lasmuigh de sin. Gné lárnach den phróiseas féinmheasúnaithe ab ea an Siompóisiam um Chás-Staidéar Dea-Chleachtais a d'éascaigh Aonad Cothaithe Feabhais COC i mí Dheireadh Fómhair inar léiríodh feabhas oideachais, oiliúna, taighde agus seirbhísí gairmiúla, ag tacú le deiseanna comhoibrithe ar fud fad an champais.

Léirítear sárobair phobal uile COC sa toradh dearfach a fuaireamar i rangú domhanda na n-ollscoileanna ina ndeachaigh COC suas 11 áit i Rangú Ollscoileanna QS an Domhain agus inar choimeád sé a áit i Rangú Acadúil na nOllscoileanna Domhanda, Shanghai. Chuaigh COC suas ceithre áit leis go dtí an 58ú háit sa Rangú Tionchair THE World University a scrúdaíonn tionchar ó thaobh Chuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe de. Luaitear COC i measc na ranguithe lárnacha domhanda ó thaobh na n-ábhar de leis, go háirithe Altranas, Dlí, Talmhaíocht, Eolaíocht Bhia, Cógaisíocht, Fiaclóireacht agus Leigheas i ranguithe ábhar QS agus Shanghai. Bhain COC an chéad áit amach in Éirinn i raon leathan ábhar leis. Agus iad ag obair as lámha a chéile, rangaíodh Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí agus Foras Bainistíochta na hÉireann sa 60ú háit i rangú an Financial Times Custom Executive Education.

Ní fhéadfaí amhlaidh a bhaint amach ach pobal COC a bheith ar a ndícheall. Gabhaimid buíochas le mic léinn, baill foirne, alumni, lucht tacaíochta, baill an Choiste Rialaithe agus páirtithe leasmhara as a gcuid tiomantais agus sáróibre. Tagann téarma Choiste Rialaithe COC reatha chun críche i mbliana agus ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach duine a d'fhreastail i gcaitheamh na mblianta agus a thacaigh leis an ollscoil seo ina cuid gaiscí.

Agus sinn ag féachaint romhainn, táim ag súil le comhoibriú lenár gCoiste Rialaithe nua agus sinn sa tóir ar ár gcuspóirí uaillmhianianacha. Agus sinn ag dul i ngleic le deiseanna agus dúshláin, beidh piléir ar bplean straitéisigh mar theoir againn, agus táim muiníneach go n-oibreoimid le chéile chun leanúint leis an oideachas ar ardchaighdeán dár gcuid mac léinn agus chun ár bhfís le haghaidh 2023-2028 a bhaint amach.



**An tOllamh John O'Halloran**
Uachtarán
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# Bliain in COC

**Líon na Mac Léinn**

**24,386**
Mac Léinn Cláraithe

**89%**
Coinneáil na Mac Léinn
(Mic Léinn na Chéad Bhliana)

**20%**
trí Chosáin Rochtana

**7,233**
Bronnadh Céimeanna

Ioncam Taighde Dhírigh de
**€119.1 million**

Níos mó ná
**210k**
Alumni ar fud an Domhain

# Bliain in COC

## Rangú

| | | |
|---|---|---|
| QS World University Rankings | 292 | ar Bhonn Domhanda i Rangú Ollscoileanna Domhanda QS |
| THE Impact Rankings | 58ú | háit sa Times Higher Education World Impact Rankings |
| UI GreenMetric World University Rankings | An 7ú | hOllscoil is Inbhuanaithe ar Domhan (UI GreenMetric) |
| THE World University Rankings | 301-350 | an Banda sa Times Higher Education World University Rankings |



## Ábhair a bhí sa chéad 150 de Rangú Ábhar Domhanda

**Rganú QS World University de réir Ábhair**

| Ábhar | Rangú Domhanda |
|---|---|
| Altranas | **33** |
| Talmhaíocht agus Foraoiseacht | **61** |
| Cógaisíocht agus Cógaseolaíocht | **99** |
| Dlí | **59** |
| Anatamaíocht agus Fiseolaíocht | **51-100** |

**Rangú Domhanda Shanghai na nÁbhar Acadúil**

| Ábhar | Rangú Domhanda |
|---|---|
| Teicneolaíocht agus Eolaíocht an Bhia | **51–75** |
| Altranas | **51–75** |
| Fiaclóireacht agus Eolaíochtaí Béil | **51–75** |
| Eolaíochtaí Cógaisíochta agus Cógaseolaíochta | **101–150** |
| Leigheas Cliniciúil | **101–150** |
| Sláinte Phoiblí | **101–150** |

## Ár bhFís

Déanann COC daoine a nascadh le chéile agus cuireann sé ar a gcumas eolas a chruthú a mhúnlaíonn domhan inbhuanaithe agus ionchuimsitheach.

## Ár Misean

Tá sé mar mhisean ag COC timpeallacht agus cultúr ionchuimsitheach a chruthú agus a chothú a éascaíonn taighde agus foghlaim chlaochlaithe ar mhaithe leis an tsochaí agus lenár bpláinéad.

## Ár Luachanna

Is iad seo na croíluachanna a threoraíonn ar gcuid iompair agus cinnteoireachta:

- **C**omhbhá
- **L**úfaireacht
- **I**onracas
- **M**eas
- **F**ionnachtain
- **C**othromas
- **C**untasacht
- **I**nbhuanaitheacht






# Plean Straitéiseach 2023–2028: Go Buan Feasta

I mí Feabhra 2023, sheol COC a phlean straitéiseach cúig bliana nua: **Go Buan Feasta**.

Forbaraíodh an plean seo tar éis dul i gcomhairle lenár bpobal agus na páirtithe leasmhara agus spreag amhlaidh smaointe iontacha agus slite chun barr maise a chur ar COC mar áit foghlama, taighde agus oibre. Léirítear sa toradh, Plean Straitéiseach 2023-2028, an creat le haghaidh feabhas inbhuanaithe agus sinn ag oibriú chun todhchaí ár n-ollscoile a chinntiú mar aon lenár ndaoine agus ár bpláinéad agus treoróidh sé treo straitéiseach na hollscoile go ceann cúig bliana. Mar thionscnamh uile-ollscoile, cothófar leis an bplean seo naisc agus treiseofar ár bpobal agus sinn ag obair lena cheile chun a rathúlacht a chinntiú. Tá sé mar aidhm aige, faoin mbliain 2028, fís COC a chomhlíonadh mar seo a leanas:

- **dea-theist ar fud an domhain as a chuid taighde ar leith i sainréimsí feabhais;**
- **sárthimpeallacht foghlama dhigiteacha sholáthraíonn curaclam taighdebhunaithe;**
- **rogha ollscoil le haghaidh staidéir iarchéime i sár-réimsí feabhais;**
- **ollscoil a bhfuil naisc idirnáisiúnta aici a chuirfidh lena tionchar domhanda;**
- **áit ina bhfuil cothromas, comhionannas agus ionchuimsitheacht préamhaithe inti;**
- **ollscoil chónasctha a bhfuil caidreamh éifeachtach aici le páirtithe leasmhara.**

**14 bheart rathúlachta le baint amach faoi 2028.**

## Bhaineamar an méid seo amach i mbliana:

Tá sé mar aidhm ag Cuspóir 1 taighde agus nuálaíocht a chur ar fáil a imríonn tionchar agus a théann i ngleic le mórdhúshláin dhomhanda i sainréimsí feabhais trí chreat Todhchaíochtaí COC rud a tharraingeoidh dea-cháil orainn ó thaobh taighde de. Ar na héachtaí le déanaí, seoladh trí réimse théamacha eile de chuid Todhchaíochtaí COC, rud a chiallaíonn go bhfuil seacht gcinn as deich réimse théamacha de chuid Todhchaíochtaí COC ag feidhmiú. Gnóthaíodh maoiniú seachtrach suntasach le haghaidh taighde gafa, agus bhunaigh COC Scéim Síol-Mhaoinithe Taighde Ghafa inar tugadh maoiniú do naoi gcinn de thionscadal go dtí seo.

Tá sé mar aidhm ag Cuspóir 2 timpeallacht dhigiteach foghlama a chur ar fáil atá dírithe ar mhic léinn agus atá ionchuimsitheach mar aon le Curaclam Cónasctha agus eispéireas iontach do na mic léinn, i dtreo is go mbeidh céimithe COC in ann tionchar dearfach a imirt. Tá sé mar aidhm ag COC a bheith mar rogha ollscoil ó thaobh an oideachais iarchéime de. Tá sé mar thosaíocht spás nua a fhorbairt le haghaidh eispéireas na mac léinn, agus osclaíodh i mbliana Ionad Sláinte na Mac Léinn úrnua, nua-aimseartha mar aon le hIonad Aclaíochta dírithe ar lúthchleasaithe den chéad scoth, foirne ardfheidhmíochta agus cúrsaí nirt agus aclaithe. Seoladh Stiúideo Scoláireachta Digití nua sa Leabharlann, ina soláthraítear spás nuálach agus sár-theicneolaíochta chun tacú le forbairt na scileanna inniúlachta digití.

Tá sé mar aidhm ag Cuspóir 3 teist idirnáisiúnta COC a fhás agus ár dtionchar domhanda a leathnú, agus mar chéim mhór chun an cuspóir seo a bhaint amach, ceapadh Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda. Tá a áit i ranguithe mórdhomhanda neartaithe agus feabhsaithe ag COC agus baineadh amach méadú suntasach ar mhaoiniú daonchairdís ó iontoabhais, comhlachtaí agus daoine aonair le haghaidh thosaíochtaí na hollscoile.

Tá sé mar aidhm ag Cuspóir 4 plean forásach Daoine agus Cultúr a chur i bhfeidhm d'fhonn ár gcumas a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Ar na mórghaiscí go dtí seo bhí an méid seo: ceapadh Príomhoifigeach Daoine agus Cultúir, cruthaíodh fochoiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe de chuid Fhoireann Ceannais na hOllscoile; cuireadh críoch leis an gcéad timthriall d'arduithe céime na léachtóirí sinsearacha; agus seoladh suirbhé ar Thodhchaí na hOibre.

Tá sé mar aidhm ag Cuspóir 5 athrú as cuimse a dhéanamh ar ár gcuid cleachtas, ar úsáid spáis agus teicneolaíochta chun ár gcuspóirí uaillmhianacha maidir le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh. Seoladh Máistirphlean Digiteach athnuaite i mí Mheán Fómhair ina leagtar amach an úsáid a bhainfimid as an teicneolaíocht mar bhonn cumais dár gcuspóirí straitéiseacha agus mar thaca dúinn chun leas a bhaint as cumhacht chlaochlaithe na teicneolaíochta ar mhaithe le naisc a chruthú idir bhaill uile phobal COC agus an fhaisnéis agus na seirbhísí a bhfuil gá acu leo chun a gcuid aidhmeanna a bhaint amach. Sa bhliain 2023, sheol COC Gréasán na Réiteach Forbartha Inbhuanaithe in éineacht le hOllscoil na Banríona mar aon le plean nua: Plean um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide. Cuireadh críoch i mbliana le Nead an Phréacháin, lóistín a dearadh go speisialta le haghaidh na mac léinn.

Mar chomhartha ar dhul chun cinn faoin mbliain 2028, aithníodh 14 Bheart Rathúlachta le spriocanna a bhaineann le hábhar tar éis mór-chomhairliúcháin chun tacú le dul chun cinn chuspóirí an phlean straitéisigh agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Tá deais sonraí nua cruthaithe ag Seirbhísí TF a thacaíonn leis an monatóireacht agus na spriocanna seo á mbaint amach le go mbeidh teacht saoráideach ag úsáideoirí ar na sonraí cuí.



# Cuspóirí Straitéiseacha

## Cuspóir 1: **Taighde agus Nuálaíocht**

Taighde agus nuálaíocht a chur ar fáil a imríonn tionchar agus a théann i ngleic le mórdhúshláin dhomhanda i sainréimsí feabhais trí chreat Todhchaíochtaí COC, rud a tharraingeoidh dea-cháil orainn ó thaobh taighde de.

## Cuspóir 2: **Rathúlacht na Mac Léinn**

Timpeallacht dhigiteach foghlama a chur ar fáil atá dírithe ar mhic léinn agus atá ionchuimsitheach mar aon le *Curaclam Cónasctha* agus eispéireas iontach do na mic léinn, i dtreo is go mbeidh céimithe COC in ann tionchar dearfach a imirt.

## Cuspóir 3: **Caidreamh Domhanda**

Teist idirnáisiúnta COC a fhás agus ár dtionchar domhanda a leathnú.

## Cuspóir 4: **Ár bhFoireann, Ár gCultúr**

Plean Daoine agus Cultúir a chur i bhfeidhm d'fhonn cumas domhanda a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.

## Cuspóir 5: **Ár nÁit, Lorg Ár gCos**

Athrú as cuimse a dhéanamh ar ár gcuid cleachtas, ar úsáid spáis agus teicneolaíochta chun ár gcuspóirí uaillmhianacha maidir le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh.

# Cumasóirí Straitéiseacha

- **Daoine, Folláine agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht**
- **Cumarsáidí Éifeachtacha**
- **Acmhainní**
- **Daonchairdeas agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara**
- **Feabhas Oibríochtúil**
- **Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha**
- **Cumais Dhigiteacha agus Sonraí ar Ardchaighdeán**
- **Rialachas**

# Rathúlacht na Mac Léinn



# Gnóthaí Acadúla

## Iontráil Fochéimithe

Ar an iomlán, tháinig 3,883 fochéimí chéad bhliana an AE go dtí COC tríd an CAO i mbliana - méid nach mór mar an gcéanna leis an mbliain roimhe (3,882). Chonaiceamar laghdú de 5% ar iarratais céadrogha an CAO go dtí COC mar aon le laghdú ginearálta ar chláir i gcomparáid leis an mbliain 2022, nuair a chuirtear amhlaidh i gcomparáid le 2021/2022. Ar bhonn náisiúnta, tá laghdú beag tagtha ar an éileamh ar chláir Leibhéal 8. D'imir an mhoill ar thorthaí na hArdteistiméireachta tionchar ar aistriú na scoláirí isteach san ollscoil agus de dheasca na moille, níor líon cuid de na cláir a gcuótaí iontrála.

Rinne 3,555 ón AE (seachas an Ardteistiméireacht) iarratas ar leith ar chúrsaí, méadú de 15% ar rátaí 2021/2022. Cuireadh amhlaidh leis an méadú de 94% ar iarratais ón sciar seo an bhliain roimhe. Chláraigh iomlán de 310 mac léinn fochéime neamh-AE faoin 31 Deireadh Fómhair 2022. Seasann an líon seo de mhéadú de 3% ar líon chláruithe 2021/2022 (301).

**3,555** **iarratas ar leith ar chúrsaí ón AE (gan an Ardteistiméireacht san áireamh).**

## Iontráil Iarchéimithe

Tá punann de 214 clár iarchéime múinte ag COC agus tháinig laghdú i mbliana ar an éileamh ar chláir iarchéime mhúinte de 316 mac léinn, idir mhic léinn an AE agus mhic léinn neamh-AE i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Seasann amhlaidh do laghdú de 10%.

**214** **clár iarchéime múinte in COC.**

## Rochtain

Glacadh le 790 mac léinn trí chosáin Rochtana, rud a sheasann do 20% den iontógáil iomlán sa bhliain 2022. Léiríonn an laghdú seo tionchar na paindéime ar an mbuíon mac léinn seo chomh maith le costas an oideachais. Tháinig méadú 0.5% ar na hiontrálacha trí Bhealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE) go dtí 7.5%, ach bhí laghdú de 4.5% orthu siúd a tháinig tríd an mBealach Rochtana ar Ardoideachas (HEAR), laghdú de 4% orthu siúd tríd QQI/Breisoideachas agus laghdú de 4.5% in Iontráil na Mac Léinn Lánfhásta. Shocraigh Rochtain COC dáileadh de €2.3 mhilliún i dtacaíocht airgeadais dhíreach do mhic léinn agus fuair 911 mac léinn ríomhaire glúine trí Scéim Iasachta na Ríomhairí Glúine. I samhradh na bliana 2023, chuaigh 46 mac léinn faoi mhíchumas i mbun intéirneachtaí díolta tríd an gClá **EmployAbility** de chuid Rochtain COC agus tá 15 fostóirí anois ag plé leis an gclár seo.

| Líon atá Cláraithe le Seirbhísí Rochtana in 2022/2023 | |
|---|---|
| Tacaíocht Mhíchumais | 1,999 |
| Mic Léinn Lánfhásta | 824 |
| Mic Léinn QQI/FE | 525 |
| Tacaíocht UCC PLUS+ | 747 |

## Earcú Mac Léinn

Ba léir téama na hinbhuanaitheachta le linn Lá Oscailte na bhFochéimithe i mí Dheireadh Fómhair agus reáchtáladh roinnt imeachtaí in éineacht leis na seisiúin eolais i gcaitheamh an lae. Orthu seo reáchtáladh seisiún bréige COP27 inar deineadh aithris ar idirbheartaíocht an athraithe aeráide a tharlaíonn chun tiúchan gáis cheaptha teasa a chur i riocht mar chosaint ar scriosadh breise na haeráide; turais rothar ar an gcampas; agus seomra bréagchúirte.

## Clár Thréithe an Chéimí

Do dhein Clár Thréithe an Chéimí ceiliúradh ar sheoladh Your UCC Graduate Attributes and Values Compass (**Your Compass**). Cruthaíodh an uirlis fhéinmheasúnaithe seo chun tacú le mic léinn agus iad ag forbairt a gcuid tréithe agus luachanna. Tá sé mar aidhm ag an uirlis chéanna go dtabhafar lámh chúnta do mhic léinn ina gcuid foghlama curaclaim, comhchuraclaim agus seach-churaclaim d'fhonn a gcuid tréithe agus luachanna mar chéimithe a fhorbairt ar shlí a léireoidh a gcuid cuspóirí pearsanta agus a gcláir staidéir.

## Tionscadal Feabhsaithe Riarachán Acadúil na Mac Léinn

Seoladh Céim 2 de Chóras Bainistithe Curaclaim (CIM) nua in COC go déanach sa bhliain 2022. Mar chuid de Chéim 2 cuireadh Cláir CIM i bhfeidhm a chuirfidh le heispéireas na gcomhghleacaithe ar fud na hollscoile agus iad ag plé le cláir nua a mholadh agus a fhaomhadh mar aon le hathruithe ar an gcuraclam atá ann cheana féin. Bainfidh CIM leas as an teicneolaíocht chun snas a chur ar phróisis láimhe agus mar thoradh air seo cuirfear feabhas ar Fhéilire na hOllscoile. Déanfaidh sé taifead, leis, ar bhunachar sonraí curaclaim don ollscoil a chuirfidh deireadh le próisis bunaithe ar pháipéir nuair a thagann sé go dtí faomhadh curaclam agus laghdóidh sé athobair agus lochtanna.

## Tionscadal id+

D'fháiltigh COC roimh 19 mac léinn in dhá chúrsa nua dírithe ar dhaoine atá faoi mhíchumas intleachtúil i mí Mheán Fómhair. Forbróidh siad scileanna foghlama don am atá le teacht mar aon le scileanna fostaíochta. Pléifidh siad le deiseanna comhfhoghlama le mic léinn fochéime i raon disciplíní. Forbraíodh na cúrsaí seo mar chuid de Thionscadal id+ arna mhaoiniú ag an ÚAO, d'fhonn oideachas ionchuimsitheach agus cosáin foráis a chur chun cinn do dhaoine atá faoi mhíchumas intleachtúil.

## Tionscadal Bharr na gCnoc

Bhuaigh tionscadal pobail Gaeilge de chuid COC, Barr na gCnoc, ceann de chúig dhámhachtain Mhaoinithe Feidhmíochta ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) in 2023. An tOllamh Pádraig Ó Macháin, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha, COC, a dhein an tionscadal seo a stiúradh mar scéim phíolótach i bPobalscoil Chnoc na hAoine inar reáchtáladh Aonad Lán-Ghaeilge sa bhliain 2019.

## Scoláireachtaí

Tá scoláireachtaí agus duaiseanna ag fás agus ag forbairt in COC i gcónaí. A bhuí le tacaíocht leanúnach deontóirí, imríonn scoláireachtaí tionchar claochlaitheach ar shaol mórchuid mac léinn, a dhéanann gaiscí in iliomad réimse. Mar thoradh ar a gcuid flaithiúlachta cinntítear gur féidir le mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, nach ndéantar freastal orthu go traidisiúnta san ardoideachas, bláthú ina gcuid staidéar agus ina gcuid gníomhaíochtaí seach-churaclaim.

Imríonn Clár Mhic Léinn Chumasacha Quercus ról suntasach i gcónaí chun mic léinn chumasacha éagsúla a earcú agus chun tacú leo. Tháinig méadú de 8% ar líon na n-iarratas sa bhliain 2023/24 anuas ar an méadú de 28% le linn na bliana 2022/2023, rud a léiríonn go bhfuil dea-theist an chláir seo ag dul sa treis agus é ag fás le deich mbliana. Ghlac an clár le 20 mac léinn nua i mí Mheán Fómhair 2023, agus anois tá leathchéad Scoláire Quercus ar an iomlán san ollscoil. Mórchúis bhróid do COC is ea beirt bhuaiteoirí na gCluichí Oilimpeacha, Paul O'Donovan agus Emily Hegarty. Fuaireadar beirt tacaíocht ó Chlár Mhic Léinn Chumasacha Quercus, agus bronnadh céimeanna orthu, agus ar réalta Rugbaí na Mumhan, John Hodnett, i mbliana.



*Sa phictiúr thuas (ó chlé): Paul Cudmore, Clair Butler, Patrick Kelly, mic léinn, agus Annie O'Callaghan, céimí.*

# Eispéireas na Mac Léinn




### Seirbhís na nGairmeacha

Tháinig baill foirne agus thart ar 50 ceannaire tionsclaíochta ó cheann ceann na tíre le chéile ag an gcéad Fhóram Comhpháirtíochta Fostóirí in COC chun teacht ar réitigh san am atá le teacht d'fhonn cur le socrúcháin oibre agus cláir infhostaitheachta. Rinneadh suirbhé le nach mór 800 mac léinn ar a gcuid taithí ar shocrúchán oibre, agus d'fhreagair 70% an suirbhé, rud a léiríonn tábhacht na gné seo i measc mhic léinn COC. Ghnóthaigh níos mó ná 1,300 mac léinn socrúcháin oibre le cabhair ó Sheirbhísí na nGairmeacha i mbliana agus deineadh amhlaidh a thaifeadadh sa chóras nua InPlace chun scorúcháin na mac léinn a bhainistiú. Agus sinn ag féachaint romhainn, bunaíodh Meitheal Oibre agus Pobal Cleachtais chun infhostaitheacht a leabú a thuilleadh sa churaclam agus chun socrúchán oibre na mac léinn a athrú as cuimse ar fud na hinstitiúide san Fhoghlaim Chomhtháite Oibre.

Léiríodh i Suirbhé Thorthaí na gCéimithe sa bhliain 2022 go raibh 94% de chéimithe fostaithe nó ag plé le staidéar breise naoi mí i ndiaidh dóibh céim a bhaint amach. Soláthraíodh fiche ceardlann maidir le Pleanáil Gairmeacha agus Scileanna Infhostaitheachta chun deiseanna a chur ar fáil do mhic léinn forbairt phearsanta agus ghairmiúil a dhéanamh agus chun pleanáil gairmeacha éifeachtach a chruthú agus scileanna a shealbhú le bheith réidh chun na hoibre. Anuas air sin, cuireadh an deis ar fáil do mhic léinn i mí Dheireadh Fómhair, tráth a reáchtáladh Féile Earcaithe na gCéimithe, chun plé le níos mó ná 135 fostóir ó réimsí éagsúla san earnáil lena n-áirítear airgeadas, innealtóireacht, ailtireacht, cógaisíocht, bith-theicneolaíocht agus oideachas. across a range of sectors including finance, engineering, architecture, pharma, biotechnology and education.

**94%** **de chéimithe COC a bhí fostaithe nó ag gabháil do bhreisoideachas, 9 mí tar éis dóibh céim a bhaint amach.**

Toisc gur éirigh go geal le scéim phíolótach na bliana roimhe, d'oibrigh Seirbhísí na nGairmeacha agus an Oifig Alumni agus Forbartha go dlúth lena chéile arís i mbliana chun cur le Clár Meantóireachta Alumni COC 2022-2023 inar deineadh naisc idir 38 mac léinn a bhí i mbliain na céime le meantoirí alumni.

### Oscailt Mhol Mheabhairshláinte agus Fholláine na Mac Léinn

Ar an 12 Eanáir 2023, sheol COC Mol Mheabhairshláinte agus Fholláine na Mac Léinn nua in 1-4 Tithe Brighton ar Bhóthar an Iarthair. Cuimsíodh le chéile in aon áit amháin i Mol Mheabhairshláinte agus Fholláine na Mac Léinn raon tacaíochtaí a chothaíonn mheabhairshláinte agus fholláine na mac léinn dár gcuid. Cinnteofar leis seo cur chuige níos comhtháite mar thaca le meabhairshláinte agus folláine na mac léinn agus forbrófar seirbhísí nua agus nuálacha amach anseo.

### PAWS@UCC

I mí Lúnasa, chomoibrigh COC leis an eagraíocht My Canine Companion chun madraí a bheadh mar chairde a chur ar an gcampas. An aidhm leis seo ná cur le folláine na mac léinn agus timpeallacht fháiltiúil á cruthú. Ní bhíonn idirdhealú ar siúl ag na madraí seo agus iad mar chairde na mac léinn agus na foirne, go háirithe mar chairde mhic léinn na chéad bhliana agus iad ag dul i dtaithí ar shaol na hollscoile. Is é seo an chéad tionscnamh dá short in aon ollscoil in Éirinn agus tá sé faoi stiúir Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais in COC.

### Céadfhóram na Mac Léinn

Reáchtáladh Céadfhóran na Mac Léinn i mí Dheireadh Fómhair nuair a tháinig 68 mac léinn, roghnaithe ar bhonn randamach, le chéile san Aula Maxima chun an cheist seo a leanas a chíoradh: 'Dá mbeifeá mar shinsear, cén saghas taithí ollscoile a chruthófá do mhic léinn COC feasta?' Tar éis plé éascaithe d'aithin a raibh i láthair naoi gceist, a raibh tábhacht nach beag ag baint leo, maidir le heispéireas na mac léinn thart timpeall orthu.

**Gníomhaíochtaí na Mac Léinn**
Bhí bliain ghnóthach ag clubanna, cumainn, Piarthacaíocht agus Aontas na Mac Léinn in COC le linn na bliana acadúla 2022/2023 d'fhonn eispéireas bríomhar ar an gcampas a sholáthar do mhic léinn idir nua agus reatha. Bhí 45 le níos mó ná 6,000 ball ar leith mar aon le 119 cumann ina raibh níos mó ná 19,500 ball. Reáchtáil Cumainn COC féile rathúil dar teideal Bain Triail As, a dearadh chun blaiseadh a thabhairt do mhic léinn idir reatha agus nua ar an iliomad cumann atá ar fáil. Bhailigh cumainn €202,000 le haghaidh carthanachtaí le linn na bliana agus bhuadar ceithre ghradam ag dámhachtainí náisiúnta na gcumann. Sheol na Cumainn a bplean straitéiseach i mí Meithimh 2023 ina léiríodh a gcuid aidhmeanna chun forbairt agus fás na gcumann a chothú agus chun creat pleanála agus gnímh a sholáthar do mhic léinn. Thug 212 Ceannaire Piarthacaíochta níos mó ná 7,000 u.a.c. ar bhonn deonach.

**Spórt na Mac Léinn**
Gné fhíorthábhachtach de rathúlacht na mac léinn in COC is ea cúrsaí spóirt, rud a chuireann le cuspóirí straitéiseacha rathúlacht ár gcuid mac léinn. Sa bhliain 2019, d'fhoilsigh COC **Straitéis Spóirt** ceithre bliana le cur i bhfeidhm ag Fhoireann Ceannais Spóirt na hollscoile. Oibríonn Roinn an Spóirt agus na Gníomhaíochta Coirp le huachtarán Chlubanna na Mac Léinn agus le **Feidhmeannacht na gClubanna**, agus thacaigh le linn bhliain na tuarascála le 45 **spórt clubanna**, níos mó ná160 cóitseálaí agus 400 duine ag obair ar bhonn deonach. Chuir an roinn fáilte roimh níos mó ná 7,000 mac léinn ina bhfuil ballraíocht chuimsithe de bhreis is 14,900. Tá cláir rannpháirtíochta mar ghné lárnach de Spórt COC agus cuirtear níos mó na 8,000 u.a.c. ar fáil faoi dhíon Airéine na Muirdíge mar an le 7,000 u.a.c. sna saoráidí faoin aer lena n-áirítear an úsáid leathan ar bhain grúpaí lasmuigh, scoileanna agus pobail astu. Tá níos mó ná 30 mac léinn againn ar fhoirne Éireannacha ag gach leibhéal mar aon le mórchuid réaltaí idir-chontae CLG. Soláthraímid **Clár Feidhmíochta** fairsing, agus sinn ag obair le 400 lúthchleasaí feidhmíochta ar15 scuaid, 85 mac léinn a fuair **Scoláireacht Spóirt COC** agus 24 mac léinn a fuair **Scoláireacht Spóirt Quercus**. Tá 5,000 leantóir ar Instagram Spóirt COC, 4,000 ar X agus 4,700 ar Facebook, agus d'fhéach ní ba mhó ná 750,000 ar cheann de na hardáin seo anuraidh. Tá straitéis nua margaíochta agus meán sóisialta forbartha againn, lena n-áirítear athbhrandáil shuíomh idirlín **Spórt COC**, chun cur le caidreamh agus cumarsáid lenár mic léinn agus a gcuid pobal. Oibrímid go dlúth le Banc na hÉireann, ár bpríomh-urraitheoir, agus is mór againn an tacaíocht agus infheistíocht leanúnach a thugann siad do Spórt COC.

Le linn bhliain na tuarascála, rinne mic léinn agus foirne COC ionadaíocht mhórtasach don ollscoil i 260 comórtas náisiúnta agus idirnáisiúnta inar gnóthaíocht rathúlacht nach beag agus dea-theist shuntasach. In CLG, bhuaigh Foireann na bhFear sa Pheil dár gcuid Corn Sigerson. Shroich an fhoireann chamógaíochta an chraobh, agus foireann pheile na mban agus an fhoireann iománaíochta na cluichí leath-chraoibhe, agus bhuaigh an fhoireann chamógaíochta idirmheánach Corn Purcell. Bhuaigh foireann chispheile na mban an comórtas idir-ollscoile den chéad uair ón mbliain 2012. Bhuaigh an Club Seoltóireachta an comórtas idir-ollscoile agus iad mar sheaimpíní na hÉireann sa chomórtas luamhaireachta




do mhic léinn. Bhuaigh foireann rugbaí na mban Corn SSI Sraith 2 agus bhuaigh foireann shóisearach rugbaí COC Corn SSI Sraith 2. Bhí imreoirí rugbaí COC Danny Sheahan agus Jacob Sheahan mar chuid de scuaid na hÉireann faoi 19 agus faoi 20. Seaimpíní idir-ollscoile leis ab ea an Club Tógála Meáchan Oilimpí, an Club Treodóireachta agus an Club Tonnmharcaíochta. Bhuaigh foireann sacair na mban Corn Lydon agus iad mar sheaimpíní leis de chomórtas idir-ollscoile Futsal. Roghnaíodh Simon Falevey le bheith ar scuad Sacar Amaitéarach na hÉireann.

**45** club gníomhach ina bhfuil 6,000 ball ar leith.

**119** cumann ina bhfuil 19,500 ball.

Bhuaigh an scoláire spóirt Paddy Vaughan teideal Para-Náisiúnta Sinsearach ag an gComórtas Leadóige Boird Naisiúnta. Seaimpíní Domhanda Rámhaíochta Éadrom-Mheáchain leis ab ea Paul O'Donovan agus alumnus comhpháirtíochta de chuid COC Fintan McCarthy. A bhuí le dlúth-chomhoibriú le hAiréine na Muirdíge, osclaíodh giomnáisiam scuaid nua agus anois tá ár gcuid saoráidí traenála faoi dhíon ar na saoráidí is fearr sa tír agus iad chomh maith le saoráidí na bpríomhionad sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip.

| Bauiteoirí Dhámhachtainí Réaltaí Spóirt COC 2023<br>Urraithe ag Óstán an River Lee agus Banc na hÉireann | |
|---|---|
| **Lúthchleasaíocht** | Ruby Millet |
| **Cispheil** | Amy Dooley |
| **Camógaíocht** | Laura Hayes |
| **Eachaíocht** | Michelle O'Driscoll |
| **Peil Ghaelach** | Jack Murphy |
| **Cicdhornálaíocht** | Conor McGlinchey |
| **Tógáil Meáchan Oilimpeach** | Shane Roche |
| **Rámhaíocht** | Margaret Cremen |
| **Rámhaíocht** | Paul O'Donovan |
| **Rugbaí** | Sean Condon |
| **Seoltóireacht** | Johnny Durkan |
| **Haca na mBan** | Caoimhe Perdue |
| **Mór-Réalta spóirt na bliana** | Conor McGlinchey – Kickboxing |
| **Foireann na bliana** | UCC Women's Basketball |
| **Cóitseálaí na bliana** | Billy Morgan and Brian Cuthbert – Gaelic Football |
| **Duais Kieran Dowd um ghaisce speisialta** | J.B. McCarthy – Tae Kwon Do |

**260** **comórtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a raibh mic léinn agus foirne ó COC páirteach iontu.**



# Foghlaim agus Teagasc

### An tIonad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama

Cláraíodh 86 ball foirne COC mar aon le 11 rannpháirtí sheachtracha le linn na bliana seo ar na teastais iarchéime Dioplóma agus Máistreacht i dTeagasc agus Foghlaim san Ardoideachas. Chláraigh cúigear déag ar an Teastas iarchéime i gCleachtas agus Ceannaireacht Gharimiúil agus 27 ar an Teastas Forbartha Gairmiúla Leanúnaí san Oideachas Digiteach. Scaip an Tionad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlaim (CIRTL) airgead deontais dar luach €715,000 i rith na bliana. Baineadh leas as €450,000 ar mhaithe le tionscnaimh feabhsaithe foghlama institiúideacha ar nós: oifigeach ionracais in Ionad na Scileanna, oifigeach measúnaithe in Oifig Thaifid agus Scrúduithe na Mac Léinn, léachtóir le hoideachas digiteach agus comhairleoir oideachais san fhorbairt inbhuanaithe. Scaipeadh €265,712 mar chuid de ghairm oscailte deontas a thacaigh le 22 tionscadal.

Chomheagraigh an tIonad um Chomhtháthú Taighde, Teagaisc agus Foghlama an tionscnamh **Ciste Feabhsaithe 2022/2023 um Ailíniú Teagaisc agus Foghlama (SATLE).** Tá an tionscnamh seo dírithe ar an nuálaíocht foghlama agus teagaisc san earnáil ardoideachas a chothú in Éirinn. Leithdháileadh i mbliain na tuarascála seo do COC ab ea €715,000 a thacaigh le suas le 30 tionscnamh feabhsaithe teagaisc agus taighde. Cuireadh críoch i mbliana chomh maith le tionscadal arna mhaoiniú ag SATLE d'fhonn úsáid fhreagrach agus eiticiúil uirlisí AI san oideachas **(AI)²ed: Ionracas Acadúil agus Intleacht Shoarga** faoi stiúir Oifigeach an Ionracais Acadúil (OVPLT agus Ionad na Scileanna). Dhírigh an tionscadal seo ar an gcomhtháthú eiticiúil a dhéanann baill foirne ina gcuid cleachtaidh foghlama agus teagaisc i dteicneolaíochtaí intleachta saorga giniúnacha.

### Ionad na Scileanna

Bhí bliain an-rathúil go deo ag **Ionad na Scileanna**, agus 13,325 seisiún déanta le mic léinn ann. Ar na seisiúin seo bhí: 10,238 mac léinn i ngrúpsheisiúin; 1,087 coinne duine le duine; d'fhreastail 2,000 mac léinn ar ár gclinicí 'Buail Isteach' agus scríobhadh 532 aiste aisioncronach. Tá plé déanta ag mic léinn lenár gcuid acmhainní i Zón na Rathúlachta: Facebook (583 cuairt), X (7,500 cuairt), Instagram (1,800 cuairt), agus YouTube (289 u.a.c féachta). Tháinig méadú ar an gcaidreamh atá againn le mic léinn iarchéime i rith na bliana leis agus sheas sé ag 32% dár gcaidreamh iomlán.

### An Lárionad Teanga

Sheol **An Lárionad Teanga**, i gcomhar le **ACE**, CACSSS agus SEFS, clár nua darb ainm **Cosán Máistreachta Idirnáisiúnta (IMP)**. Cuirtear ar fáil sa chlár seo bealach malartach nua isteach go dtí an staidéar iarchéime ina gcuirtear ar chumas na mac léinn idirnáisiúnta a gcuid riachtanas acadúil agus teanga a shásamh chun áit a fháil ar a rogha iarchéim. Cuireadh tús arís sa bhliain 2023 le **Scoil Samhraidh** an Lárionaid Teanga ina mealltar mic léinn ó gach cearn den domhan go dtí ár gcampas. Bhí 27 náisiúntacht i gceist i mbliana. Dearadh an Scoil Samhraidh chun an chéad phointe teagmhála nó an chun an chéad bhlaiseadh a thabhairt do mhic léinn chéime ionchasach in COC.

### An tIonad um Oideachas Digiteach

Cuireadh tús le Plean COC um Oideachas Digiteach i mí Iúil ina gcuirtear treoir ar fáil maidir le húsáid na teicneolaíochta mar thaca lenár misean acadúil agus é mar aidhm aige an t-oideachas a sholáthar mar ollscoil champasbhunaithe go príomha. Is iad na Ceithre Phrionsabal Oideachais Dhigitigh: cuir chuige oideachais dhigitigh a chothú chun feabhas a chur ar eispéireas teagaisc agus measúnaithe atá bunaithe ar an oideolaíocht agus atá lonnaithe ar an gcampas den chuid is mó; úsáid uirlisí agus acmhainní oideachais dhigitigh a spreagadh chun tacú le hoideachas cothrom, atá dírithe ar mhic léinn, ina gcuimsítear prionsabail an Dearaidh Uilíoch; cuir chuige oideachais dhigitigh chuí a ghlacadh chun dul i ngleic leis na dúshláin ó thaobh na foghlama agus an teagaisc de bharr na dteicneolaíochtaí nua; agus tacú le feabhsú inniúlacht dhigiteach na mac léinn. D'fhoilsigh an tIonad um Oideachas Digiteach (CDE) leathanach idirlín bunaithe ar Phlean agus Prionsabail an Oideachais Dhigitigh do bhaill foirne mar thaca leis an bPlean um Oideachas Digiteach a chur i bhfeidhm agus chun eolas a chur ar fáil do bhaill foirne mar gheall ar úsáid na teicneolaíochta a thacóidh lenár gcuspóir straitéiseach chun oideachas a chur ar fáil mar ollscoil champasbhunaithe go príomha. Tá roinn curtha i suíomh idirlín an CDE mar gheall ar Theagasc agus Intleacht Shaorga sa Lá atá Inniu Ann, rud atá ag éirí níos tábhachtaí ná riamh i dteagasc agus foghlaim an ardoideachais. Le linn na bliana seo chomh maith sheol an CDE Cainteanna OVPLT, sraith físeán ina bhfuil gearrthóga YouTube ann don fhoireann ar an iliomad ábhar. Rinneadh caidreamh le 7,209 mar gheall ar ár gcúrsa ar líne um Theagasc leis an Teicneolaíocht agus d'fhéach 9,561 ar na leathanaigh. Thacaigh CDE le cruthú 11 Suaitheantas Digiteach i gcaitheamh na bliana agus fuair 6,023 idir bhaill foirne agus mhic léinn suaitheantas dhigiteacha.

### An tIonad um Aosoideachas Leanúnach

Chuir an tIonad um Aosoideachas Leanúnach (ACE) fáilte roimh 2,622 scoláire i rith bhliain an tuarascála seo. Bhí 70% díobh seo cláraithe ar an 62 clár creidiúnaithe a reáchálaimid agus 30% ar chláir neamhchreidiúnaithe. Is as 30 contae in éirinn ár gcuid scoláirí agus as 51 tír ar fud an domhain. Orthu seo bhí 20 Scoláire Tearmainn. Cuireadh 26% de chúrsaí ar fáil go pearsanta, 37% ar líne agus 37% eile mar chúrsaí cumaisc.

I gcomhpháirt le Scoil na Cógaisíochta, tionscadal MicroCreds agus tionscadal iEd Hub, sheol ACE cúig shainchlár pháirtaimseartha agus mhicrichreidiúint don earnáil na bithchógaisíochta. Is ar líne ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 a cuireadh na cláir seo ar fáil le rochtain a mhéadú ó chomhlachtaí san earnáil seo atá lonnaithe ar fud na hÉireann. Cuireann ACE agus **Comharsanachtaí Foghlama Chorcaí**, le tacaíocht ó chomhpháirtithe pobail, sraith clár réamhrá ar fáil in COC i gcomharsanachtaí foghlama éagsúla i gCathair Chorcaí.

## Mol Oideachais agus Taighde ASEM um Fhoghlaim Fadsaoil

Bunaíodh Mol Oideachais agus Taighde Chruinniú na hÁise agus na hEorpa (ASEM) um Fhoghlaim Fadsaoil (**Mol ASEM um Fhoghlaim Fadsaoil**) in 2005 agus tá sé á óstáil ag ACE in COC faoi cheannaireacht stiúrthóir ASEM an Dr Séamus Ó Tuama, stiúrthóir ACE. Tá gréasán de níos mó ná leathchéad institiúid ardoideachais san Áise agus san Eoraip atá ag saothrú chun feabhas a bhaint amach i dtaighde comparáideach ar an bhfoghlaim fadsaoil agus chun moltaí polasaí oideachais, atá bunaithe ar thaighde agus chun tacú le taighdeoirí agus mic léinn. Leis an óstáil in Éirinn cuireadh tús le beocht a chur i Mol ASEM um Fhoghlaim Fadsaoil arís, ag tarrac as na traidisiúin, na nuálaíochtaí den chéad scoth agus na féidearthachtaí san Eoraip agus san Áise chun clár taighde a chothú a chuirfeadh ní hamháin le cúrsaí scoláireachta ach le múnlú polasaí agus cleachtaidh. Mar chuid den phróiseas seo, cruthaíodh struchtúir rialaithe nua, athbhunaíodh ceithre cinn de na gréasáin taighde a bhí ann cheana agus bunaíodh trí ghréasán nua. Ina theannta sin, cuireadh le compháirtíochtaí, go háirithe san Áise, agus dírithe go príomha ar Oirdheisceart na hÁise sa bhliain 2022, agus ar Dheisceart na hÁise agus Oirdheisceart na hÁise sa bhliain 2023. Mar thoradh air seo, tháinig fas de 117% ar na taighdeoirí gníomhacha chomh maith méadú ar a lorg i dtíortha agus in áiteanna nach raibh baint acu leis an Mol go dtí sin. Tá torthaí taighde na ngréasán ag fás leis agus cuimsítear iontu cothú cumais agus comhoibriú le taighdeoirí sinsearacha agus nua san Eoraip agus san Áise. Tháinig méadú nach beag leis in 2023 ar ghníomhaíochtaí agus torthaí lena n-áirítear taighde piarmheasúnaithe, torthaí taighde eile, cainteanna ag comhdhálacha, cáipéisí beartais, seimineáir agus seimineáir ghréasáin. Cítear leis fás suntasach in áiteanna in Éirinn, ar a cuid acmhainní oideachais agus foghlama agus ar iarratais dhéthaobhacha ar chomhoibriú ó chomhpháirtithe san Áise.

## Dámhachtainí an Uachtaráin um Fheabhas Teagaisc

I mí na Nollag, aithníodh roinnt ball foirne in COC sna Dámhachtainí um **Fheabhas sa Teagasc**. Aithnítear sa scéim dámhachtainí seo iarrachtaí na foirne teagaisc d'fhonn deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann mic léinn COC an t-eispéireas is fearr foghlaim agus teagasc. Bronnadh gradaim ar na daoine seo leanas sa bhliain 2022:

| Ainm | Scoil/Aonad |
|---|---|
| **An Dr Bettie Higgs** | Iar-Leasuachtarán Foghlama agus Taighde agus Scoil BEES |
| **An Dr Dan O'Sullivan** | Scoil an Oideachais |
| **Dragan Miladinovic** | Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr |
| **An Dr Gillian Murphy** | Scoil na Síceolaíochta Feidhmí |
| **An Dr Edel Semple** | Scoil an Bhéarla |
| **Foireann Mhodúl BU2001** | Foireann ildisciplíneach ó raon aonad |
| **Foireann Mhodúl BU7007** | Córais Faisnéise Gnó |
| **Foireann um Chleachtadh Oideachais** | Scoil na dTeiripí Cliniciúla |
| **Foireann Tionscadail um Chomhionannas agus Ceart an Lucht Taistil** | Scoil an Dlí |



## Leabharlann COC

Ábhar sásamh don OVPLT ab ea é fáilte a chur roimh an Leabharlann agus Cló Ollscoile Chorcaí mar chuid dá raon feidhme i bhFómhar 2022. Oibríonn **Leabharlann COC** ar mhaithe le heispéireas na mac léinn, na dtaighdeoirí agus na mball foirne uile. D'éascaigh an fhoireann 14,203 fiosrú tríd an tseirbhís Ask Us agus ina theannta sin cuireadh 3,795 u.a.c. ar fáil san inniúlacht faisnéise.

Osclaíodh **stiúideo na scoláireachta digití** nua le linn na bliana, ina gcuirtear spás nuálach agus lán de theicneolaíocht ar fáil a thacóidh le mic léinn teacht ar fhearas agus bogearraí ardsonraíochta chun eolas nua a chruthú agus chun a gcuid scileanna inniúlachta digití a fhorbairt.

Cheannaigh COC **bailiúcháin shuntasacha** le linn na bliana lena n-áirítear cartlanna Richard Harris , Cartlann Chernobyl Children International, Cartlann Gabriel Rosenstock, agus Leabharlann agus Cartlann Chriostóir de Baróid. Anuas air sin, i gcomhpháirt leis an Leabharlann Náisiúnta, coimeádfar Bailiúchán Dlí Bonar i Leabharlann COC mar a mbeidh teacht ag an bpobal air.



# Coláiste na **nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta**

D'éirigh go seoigh le Scoil an Oideachais in athbhreithniú na Comhairle Múinteoireachta ar a mórchláir go léir, lena n-áirítear an ATO, BOid Gaeilge agus BEd in Oideachas na hEolaíochta. Dearbhaíodh an creidiúnú go ceann cúig bliana eile (ó Lúnasa 2023). Cuireadh críoch chomh maith le creidiúnú CORU le haghaidh na Máistreachta in Obair Shóisialta agus an Teastais Iarchéime i Staidéar na hOibre Sóisialta (Scoil na Staidéar Sóisialta Feidhmeach), mar aon le hathnuachan ar chreidiúnú QAB le haghaidh an BA i Staidéar Luathbhlianta agus Luath-Óige. Dearbhaíodh leis in 2023 creidiúnú Instiitúid Pleanála na hÉireann le haghaidh na Máistreachta MPlan i bPleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe.

D'éirigh thar barr leis an gcoláiste i Rangú QS World University de réir Ábhair, agus tháinig feabhas de 36 áit go dtí 251 ar raon leathan dáimhe na nEalaíon agus na nDaonnachtaí. D'fhan Seandálaíocht, Béarla agus Teangacha Nua-Aimseartha ina g gcuid aicmí rangaithe (i mbandaí 201–240, 101–150 agus 151–200 faoi seach). Tháinig feabhas ar Oideachas agus é anois i mbanda 201-250, agus rangaíodh na Taibhealaíona den chéad uair riamh i mbanda 101-150.

Ghnóthaigh an coláiste€5.5 mhilliún in ioncam taighde le haghaidh na bliana acadúla 2022/2023 , rud a léiríonn an dul chun cinn nach beag an athuair i mórghairmeacha maoinithe lena n-áirítear deontais Thaighde na hEorpa agus Fondúireachtaí Nua IRC, chomh maith le Clár Cosáin IRC Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus EU Horizon 2020.

Bronnadh an gradam Leabhar na Bliana UACES (Comhlachas na nOllscoileanna um Staidéar Eorpach Comhaimseartha) ar A Troubled Constitutional Future: Northern Ireland after Brexit leis an Dr Mary C. Murphy agus an Dr Jonathan Evershed.

Rinne an chomhdháil Looking Back, Looking Forward ceiliúradh ar 25 bliain de Staidéar Luathbhlianta agus Luath-Óige in COC. Rinne an coláiste ceiliúradh leis ar dheich mbliana dá MA mór le rá sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach.

**5,920** mac léinn


**10** scoil

**20** cúrsa fochéime

**94** cúrsa iarchéime


**29%** iarchéim

**71%** fochéim




**10%** idirnáisiúnta

**90%** Éireannach




**1,481** Iontógáil na Mac Léinn Fochéime in 2022

**11%** Iontógáil na Mac Léinn ar Chosáin Rochtana

Barr **120** sna Taibhealaíona

Barr **150** i dTeanga agus Litríocht an Bhéarla

**82%** Ráta Coinnéala na Chéad Bhliana

**€5.5m** Ioncam Taighde (roimh iniúchadh)

Barr **200** i Rangú Domhanda Ábhar QS sna Teangacha Nua-Aimseartha

**251ú** i Rangú Domhanda Ábhar QS sna hEalaíona agus na Daonnachtaí

# Coláiste an **Ghnó agus an Dlí**



Tar éis creidiúnú AMBA (Comhlachas MBAnna) agus AACSB (Comhlachas Cothaithe Scoileanna Coláisteacha Gnó) in 2021 agus 2022 faoi seach, tá ullmhúcháin ar bun anois le haghaidh chreidiúnú Fhondúireacht na hEorpa um Fhorbairt Bainistíochta (EQUIS).

Chuaigh Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí (CUBS) agus Foras Bainistíochta na hÉireann (IMI) suas i rangú an Financial Times i gcatagóir an oideachais feidhmiúcháin saincheaptha sa bhliain seo agus díol suntais go bhfuil siad anois sa 60ú háit.

Lean Scoil an Dlí lena dul chun cinn i Rangú Domhanda QS de réir Ábhair, agus í ardaithe 41 áit ón mbliain 2021. Anois tá sí rangaithe ag 51 ar fud an domhain, ag 11 san AE agus ag 1 in Éirinn.

D'éirigh go hiontach le Scoil an Dlí chun maoiniú taighde suntasach a ghnóthú (thart ar €13 mhilliún) Ar bhuaiteoirí na Comhairle um Thaighde in Éirinn bhí an Dr Maria Cahill agus an Dr Patrick O'Callaghan, agus bronnadh nach mór €2 mhilliún ar an Ollamh Aoife Daly mar Dheontas Comhdhlúthaithe Chomhairle Taighde na hEorpa agus bhronn Fondúireacht Botnar €7 milliún ar an Ollamh Ursula Kilkelly agus ar an Ollamh Laura Lundi. Cuireadh an tOllamh Tom Garavan (CUBS) sa chéad áit as measc scoláirí Gnó agus Bainistíochta in Éirinn dar leis an dara heagrán de research.com.

Tá gaisce déanta ag Coláiste an Ghnó agus an Dlí in earcú mac léinn idirnáisiúnta i mbliain na tuarascála seo, agus is in CUBS a bhí 48% den iontógáil iomlán ar chláir iarchéime múinte in COC. Tá nach mór 500 mac léinn neamh-AE cláraithe sa choláiste seo, rud a sheasann do 11% de mhic léinn uile na hollscoile. I mí Mheán Fómhair 2022, ghlac CUBS leis an gcéad ghrúpa de rannpháirtithe ar an **BSc i nGnó Idirnáisiúnta le Teangacha**.


I mí Bealtaine 2023, fuarthas cead pleanála le haghaidh foirgneamh inbhuanaithe i lár na cathrach mar a mbeidh Scoil Gnó CUBS lonnaithe. I mí an Mheithimh dhearbhaigh an Banc Eorpach Infheistíochta, EIB, go gcuirfear iasacht de €50 milliún ar fáil le haghaidh na forbartha nua seo.


**4,526** mac léinn

**2** scoil

**12** chúrsa fochéime

**39** cúrsa iarchéime




**941**
Iontógáil na Mac Léinn Fochéime in 2022

**16%**
Iontógáil na Mac Léinn ar Chosáin Rochtana

**60ú**
hait i Rangú Oideachais Fheidhmeannas Domhanda CUBS agus IMI FT

**59ú**
háit i Rangú Domhanda Ábhar QS sa Dlí

**94%**
Ráta Coinnéala na Chéad Bhlia

**€2.3m**
Ioncam Taighde (roimh iniúchadh)




# Coláiste an **Leighis agus na Sláinte**

I mbliain na tuarascála seo rangaíodh an Altranas agus Cnáimhseachas sa 33ú háit ar domhan, Cógaisíocht agus Cógaseolaíocht sa 99ú háit, agus Anatamaíocht agus Fiseolaíocht i mbanda 51-100 sa rangú clúiteach Rangú Ábhair Ollscoileanna Domhanda QS. Rangaíodh Scoil na Fiaclóireachta i mbanda 51-75 i Rangú Shanghaí.

Bhronn Fondúireacht na Pairilise Ceirbrí €1.6 milliún ar Ollúnacht i Luath-Ghortú Inchinne agus Pairilis Cheirbreach. Bronnadh €11.5 milliún chun INFANT a bhunú chomh maith le tír na hÉireann mar cheannairí idirnáisiúnta i gcúram agus taighde na pairilise ceirbrí. Bronnadh deontas taighde dar luach €7.5 milliún ar Scoileanna an Altranais agus an Leighis. Fuair Scoil na Sláinte Poiblí €2.9 milliún ón mBord Taighde Sláinte agus bhronn an Bord céanna €2.5 milliún ar Scoil an Altranais ar mhaithe le staidéar ar Bheathú Cíche Náisiúnta. Bronnadh gradam mar Thaighdeoir na Bliana, 2023 ar an Ollamh Paul Ross, stiúrthóir APC Micribhithóm Éireann

D'óstáil an coláiste Taispeántas Foghlama agus Teagaisc i mí an Mheithimh, inar deineadh gach Scoil cur i láthair ar a gcuid nuálaíochta ó thaobh na Foghlama agus an Teagaisc de; roinn baill foirne sonraí ar 27 tionscnamh éagsúil mar chuir i láthair póstaeir. D'eagraigh na mic léinn dhá chomhdháil; Futures Research Conference i mí Mheán Fómhair agus Bright Futures i mí Aibreáin. Aithníodh sna comhdhálacha seo sárthorthaí taighde mar aon le taighde agus nuálaíocht den chéad scoth le comhpháirtithe ón bpobal, ó thionsclaíocht agus ón gcóras sláinte.


Fanann cóimheas éilimh ar chláir i gColáiste an Leighis agus na Sláinte ar an éileamh is airde san ollscoil ag 2.4, agus na cóimheasa is airde i bhFiaclóireacht, Teiripe Shaothair agus Leigheas ag 7.4, 3.0 agus 3.3 faoi seach. Faomhadh de chlár nua le linn bhliain na tuarascála seo: Teastais Iarchéime, Dioplómaí Iarchéime, Máistreachtaí agus BSc amháin.


**5,445** mac léinn

**6** scoil

**19** cúrsa fochéime

**60** cúrsa iarchéime




**1,248** Iontógáil na Mac Léinn Fochéime in 2022

**24%** Iontógáil na Mac Léinn ar Chosáin Rochtana


**51-100** i Rangú Shanghai na Scoile Fiaclóireachta

**33ú** i Rangú Domhanda Ábhar QS san Altranas agus sa Chnáimhseachas

**€35m** Ioncam Taighde (roimh iniúchadh)

**94%** Ráta Coinnéala na Chéad Bhlian

# Coláiste na **hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia**



Tháinig feabhas ar ábhair ETIM uile in COC i Rangú Ábhair an Times Higher Education (THE), a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tháinig feabhas de 200 áit ar Innealtóireacht agus Teicneolaíocht.

Bhronn Comhairle Taighde na hEorpa €2.3 milliún mar Ard-Deontas ar an Ollamh Paul Ross, Micribhitheolaíocht agus APC Micribhithóm Éireann agus fuair an Dr Hilary Browne, Micribhitheolaíocht, Deontas Tosaithe dar luach €1.5 milliún ó Chomhairle Taighde na hEorpa. Fuair taighdeoirí ETIM COC níos mó ná €12.5 milliún ó Chiste Bonneagair Taighde SFI. Chuir Cumann Talmhaíochta na Mumhan €375k ar fáil chun clár taighde agus oideachais i mbithéagsúlacht talaimh feirme a fhorbairt. Cuibhreannas ceannródaíoch taighde is ea Ionad INSIGHT, Eolaíocht Ríomhaireachta, a fuair €9 milliún ón Aontas Eorpach chun an chéad chéim eile den bhonneagar intleachta saorga na hEorpa, a bhfuil tábhacht straitéiseach leis, ar a dtugtar ardán AI-ar-éileamh (AIOD). A bhuí le comhpháirtíocht straitéiseach idir Bithcheimic agus Cillbhitheolaíocht COC agus an Institiúid Naisiúnta um Thaighde agus Oiliúint na Bithphróiseála (NIBRT), cruthófar dhá chomhollúnacht agus Dioplóma Iarchéime HCI nua in Ardteiripe Cille agus i nGéinteiripe agus atá forbartha i gcomhar.

Fuair an tOllamh Seamus Davis, Roinn na Fisice, duais ó Chumann Fisice Mheiriceá darb ainm an Oliver E. Buckley Prize in Condensed Matter Physics. Déantar trácht ar 13 thaighdeoir APC mar thaighdeoirí ar luadh go rímhinic iad in 2023 dar le Carivate. Tá cúigear astu seo i Roinn na Micribhitheolaíochta. Ar bhuaicphointe foilsithe na bliana i gColáiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia bhí dhá fhoilseachán in Nature, ceann leis an Ollamh Jens Wather ar mhicribhithóm féatais agus ceann le Joe Carroll (scoláire PhD) ar ábhair chandamacha. Fuair an tOllamh Barry O'Sullivan gradam scothsheirbhíse ó Chomhlachas AI na hEorpa.

Bronnadh céim ar an gcéad bhuíon mac léinn ó Bhaitsiléir in Eolaíocht Talmhaíochta agus ó chéim san Eolaíocht Chomhshaoil le Bainistíocht Chomhshaoil a chuirtear ar fáil i gcomhar le hOllscoil Minzu na Síne.

**5,094** mac léinn


**9** scoil

**15** chúrsa fochéime

**20** cúrsa iarchéime


**25%** iarchéim

**75%** fochéim




**20%** idirnáisiúnta

**80%** Éireannach




**14%**
Iontógáil na Mac Léinn ar Chosáin Rochtana

**1,001**
Iontógáil na Mac Léinn Fochéime in 2022

**61ú**
i Rangú Domhanda Ábhar QS sa Talmhaíocht agus san Fhoraoiseacht

**€51.4m**
Ioncam Taighde (roimh iniúchadh)

**92%**
Ráta Coinneála na Chéad Bhliana




# Taighde agus Nuálaíocht

### Todhchaíochtaí COC

Seoladh ár gclár uaillmhianianach Todhchaíochtaí COC i mí na Nollag 2021, atá mar chlár tosaíochta taighde agus earcaithe acadúil i ndeich réimse théamacha. Tá dul chun cinn nach beag déanta ag an gclár seo le linn bhliain na tuarascála agus seoladh cúig réimse nua:

- **Micribhithóm agus Sláinte an Bhia**
- **Todhchaíochtaí Sóisialta i gComhar**
- **An Chógaisíocht Feasta**
- **An Leigheas Feasta**
- **Candam agus Fótónaic**

Gné fhíorthábhachtach is ea creat Todhchaíochtaí COC i straitéis taighde na hollscoile go ceann cúig bliana eile agus tacaítear ann feabhas sa taighde, sa scoláireacht mar aon le haistriú an taighde le go n-imreoidh sé tionchar follasach ar an domhan.

### Ioncam Taighde agus Nuálaíochta

Shroich ioncam taighde €119.1 milliún le linn bhliain na tuarascála seo, méadú de 16.7% ar an mbliain roimhe (€102.1 milliún).

I mí Mheán Fómhair 2023, ghnóthaigh taighdeoirí COC 112 dámhachtain de chuid Horizon Europe, dar luach €84 milliún. Seasann na dámhachtainí a fuarthas go dtí seo do 65% de chuspóir institiúideach COC i gclár Horizon Europe - €130 milliún le linn thréimhse seacht mbliana den chlár (2021-2027).

Bliain rathúil eile ó thaobh mhaoiniú Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) de inar gnóthaíodh nach mór €1.13 milliún faoi Chiste an Dúshláin Náisiúnta; €415,000 faoi gClár Fionnachtana; €5.46 milliún faoin gClár um Theorainneacha na Todhchaí; agus €255,000 faoin faoi Chlár Ánrachta RD&I na Tionsclaíochta de chuid SFI.

I spás na tionsclaíochta, do tháinig COC sa chéad áit, as measc ollscoileanna na hÉireann, ó thaobh ioncam na tionsclaíochta de sa bhliain 2022 (€9.17 milliún). Fuair Sarusha Pillay (pHetalSafe), an Dr Justina Ugwah (CLISTEProbe), an Dr Alison O'Shea (Neurobell) agus an tOllamhor Ciara Heavin (CommPAL) deontais dar luach €3.27 milliún ó Chlár Ciste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann.

Bliain an-rathúil go deo do COC a bhí ann i dtaca le maoiniú ó Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC), a mbíonn géariomaíocht i gceist leis, nuair a ghnóthaigh seachtar taighdeoirí deontais le linn na tréimhse seo. Ar an iomlán, gnóthaíodh €13.98 milliún ón ERC, agus seasann na seacht ndeontas seo do 35% den chuspóir institiúideach chun 20 dámhachtain ERC breise a ghnóthú faoin mbliain 2028.

**€13.98 milliún** **gnóthaithe mar mhaoiniú ERC in 2023.**

### Ard-Deontais Chomhairle Taighde na hEorpa

- An tOllamh Paul Ross (APC Microibhithóm Éireann)
- An tOllamh Dagmar Schiek (Scoil an Dlí)
- An tOllamh Adrien Favell (Todhchaíochtaí COC – Saotharlann na nDaonnachtaí Fréamhaí)

### Deontais Chomhdhlúthaithe Chomhairle Taighde na hEorpa

- An Dr Aoife Daly (Scoil an Dlí)
- An Dr Chiara Bonfiglioli (Staidéar na mBan)

### Deontais Tosaithe Chomhairle Taighde na hEorpa

- An Dr Dónal Hassett (An Scoil Teangacha, Litríochtaí agus Cultúr)
- An Dr Hilary Browne (Scoil na Cógaisíochta agus APC Micribhithóm Éireann)

### Cultúr an Taighde á Athrú ó Bhonn

Rinneadh dul chun cinn nach beag le linn na bliana chun cultúr taighde COC a athrú ó bhonn ach leas a bhaint as taighde oscailte, ionracas acadúil, agus cleachtas eiticiúil agus freagrach. Shínigh COC **comhaontú CoARA** (Comhghuaillíocht Cothaithe an Mheasúnaithe Taighde), a bhfuil sé mar aidhm aige aitheantas a thabhairt d'éagsúlacht na dtorthaí taighde agus don tionchar a imríonn siad agus bogadh ar aghaidh go dtí measúnú cáilíochtúil ar thaighde atá bunaithe ar phiarmheasúnú. Tá Taighde COC agus Coláiste na Tríonóide ag stiúradh i gcomhar lena chéile Caibidil Náisiúnta na hÉireann de CoARA. Bronnadh níos mó ná €1.1 milliún as tionscadal Comhaontas um Chultúr Taighde Ionchuimsithigh (ERICA) de chuid Iontaobhas Wellcome, a thacóidh leis an bpobal mór a bheith páirteach i dtaighde COC, a bheidh mar bhonn eolais an chultúir taighde agus a chuirfidh taighde ar fáil i gcomhar a imreoidh tionchar ar bheartas.



### Nuálaíocht
Tá sé mar aidhm ag Nuálaíocht COC tionchar a imirt ach maoin intleachtúil (IP) de chuid COC a aistriú go dtí mac-chuideachtaí nua agus mac-chuideachtaí atá ann cheana féin.

Ar thorthaí nuálaíochta na bliana bhí:

- Nochtadh 51 fionnachtain
- Cláraíodh 16 phaitinn nua
- Faomhadh 6 phaitinn
- Síníodh 47 ceadúnas, rogha agus socrúchán
- Seoladh dhá mhac-Chuideachta de chuid COC
- Thacaigh an clár IGNITE le 16 gnólacht nuathionscanta atá faoi stiúir ag céimithe
- An 1ú hollscoil in Éirinn ó thaobh líon na mac-chuideachtaí de a bhunaigh idir bhaill foirne agus mhic léinn in 2022*
- An 1ú hollscoil in Éirinn ó thaobh líon na gcomhaontaithe taighde de i gcomhar le tionsclaíocht in 2022*
- An 2ú hollscoil in Éirinn ó thaobh líon nochtaí fionnachtana/bogearraí de a fuarthas in 2022*

*__Suirbhé Bliantúil um Aistriú Eolais 2022__, Aistriú Eolais Éireann

### Comhairleacht agus Caidreamh Gnó
Ghnóthaigh Comhairleacht COC ioncam de níos mó ná €532,000 le haghaidh na hollscoile agus shocraigh siad 45 conradh le cliaint ó na hearnálacha príobháideacha agus poiblí. Bunófar Aonad nua um Chaidreamh Gnó le gníomhaíocht ar fud na hollscoile a chomheagrú agus le hionad ilfhreastail do ghnólachtaí chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chruthú le COC.

### Fiontraíocht
Is gá le hinfheistíocht i bhfiontair nua chun gur féidir leo bláthú agus tionchar a imirt. Gnóthaigh mac-chuideachta COC **Cergenx** infheistíocht de €1.2 milliún a bhuí lena Scagthóir Inchinní Naíonna. Fuair Provasctec a infheistíocht tosaigh de €100,000 de bharr na teicneolaíochta chun cóireáil a dhéanamh ar iscéime ainsealach na ngéag. Ghnóthaigh mac-chuideachta IGNITE **Recruitroo** €1 mhilliún chun ardán earcaíochta agus imirce ó cheann go ceann a fhorbairt.

Ghlac 19 rannpháirtí páirt i gclár-luasaire SPRINT, atá athnuaite agus deartha chun tacú le taighdeoirí teicneolaíochtaí agus bealaí a gineadh in COC a thráchtálú le haghaidh an mhargaidh. Bhuaigh an Dr Waleed Faisal, rannpháirtí de chuid SPRINT, comórtas gnó 2023 IDEATE Éireann.

Thacaigh gorchlár le haghaigh gnólachtaí nuathionscanta de chuid IGNITE le 16 ghnólacht arna gcruthú ag mic léinn agus céimithe déanacha. le 12 bhliain anuas, tacaíodh le 170 gnólacht nuathionscanta nuair a cuireadh clár ceardlann, seimineár agus aoichainteoirí ar fáil, rud a chruthaigh níos mó ná 370 post.

Bhuaigh Emma Coffey, scoláire an tráchtála, Dámhachtain Fhiontraíocht Éireann mar Mhac Léinn Fiontraíochta na Bliana de bharr a comhlachta FinalBend a tháirgíonn éadaí spóirt inbhuanaithe agus inacmhainne.

### Micrichreidiúintí
Sheol COC an chéad Suaitheantas Digiteach in Éirinn i Nuálaíocht agus IP le haghaidh eolaithe agus innealtóirí i mí Aibreáin. Forbraíodh an suaitheantas seo i gcomhar le Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia agus cuireann sé oideachas ar luath-thaighdeoirí faoi IP agus faoi thaighde a thrácthálú chun go leathnófaí a thionchar. Seoladh chomh maith le linn na bliana seo, Suaitheantas Digiteach i Straitéisí Ghnólachtaí Nuathionscanta do Thaighdeoirí do rannpháirtithe Chlár SPRINT.

### Foilseacháin Taighde
- **2,635 foilseachán scolártha (2022)**
- **104,437 tagairt (2020 -2022)**
- **Comhoibriú le 5,045 institiúid in 160 tír (58.4% de na foilseacháin)**
- **An 1ú hollscoil in Éirinn ó thaobh taighdeoirí ardluaite de (Ranguithe Shanghai 2023)**
- **An 1ú hollscoil in Éirinn ó thaobh Fheidhmíocht Thionchar na dTagairtí (Rangú Domhanda Ollscoileanna THE 2023)**
- **14 taighdeoirí ar liosta Clarivate's Highly Cited Researchers 2023**

**Dámhachtainí Taighde**

Ag Dámhachtainí Taighde COC i mí Meithimh tugadh aitheantas thar 21 catagóir do phobal taighde agus nuálaíochta COC as fairsinge a gcuid dianoibre ar mhaithe leis an tsochaí mhór, an geilleagar agus an timpeallacht.

| Gradam | Buaiteoir |
|---|---|
| **Taighdeoir na Bliana** | An tOllamh Paul Ross, APC Micribhithóm Éireann agus Scoil na Micribhitheolaíochta<br>An tOllamh Dagmar Schiek |
| **Luath-Thaighdeoir na Bliana** | An Dr Jean O'Dwyer, An Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhainchórais agus Comhshaoil.<br>An Dr Piotr Kowalski, Scoil na Cógaisíochta |
| **Duine Tacaíochta Taighde na Bliana** | Martin O'Connell, IPIC Ionad SFI na Fótónaice<br>An Dr Seán Lucey, Coláiste an Ghnó agus an Dlí |
| **Maoirseoir Taighde na Bliana** | An tOllamh Catherine Stanton, Scoil an Leighis<br>An Dr Emanuel Popovici, Scoil na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta |
| **Cumarsáidí Taighde na Bliana** | An tOllamh Hannah Daly, Scoil na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta, agus MaREI |
| **Gradam Taighde na hEolaíochta Oscailte** | An tOllamh Colm O'Dwyer, Scoil na Ceimice |
| **Cultúr um Iompar Freagrach Taighde a Chruthú** | An Dr Aoife Coffey, Leabharlann COC |
| **Nuálaí na Bliana (Eolaíochtaí Beatha)** | An Dr Lucia Santos, an Dr Patrick Harrison (Scoil an Leighis) |
| **Nuálaí na Bliana (Eolaíochtaí Fisiceacha)** | An Dr Han Shao, an Dr Alan O'Riordan, an Dr Tarun Narayan (Institiúid Náisiúnta Tyndall) |
| **Tionscadal Comhairleachta na Bliana,** | An Dr Marguerite Nyhan, Scoil na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta, agusMaREI |
| **Ceadúnas na Bliana** | Matamaitic Fheidhmeach COC agus Ospidéal Ollscoile na Trócaire |
| **Mac-Chuideachta na Bliana** | Adiso Therapeutics (An tOllamh Paul Ross agus an tOllamh Colin Hill, Scoil na Micritheolaíochta) |
| **Gnólacht Nuathionscanta na Bliana** | Recruitroo |
| **Foilseachán na Bliana ina raibh Mac Léinn Fochéime mar Údar** | Ruairí McIntyre |
| **Foireann Taighde na Bliana** | Pailé-Ointeolaíocht COC, An Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhainchórais agus Comhshaoil |
| **Íomhá Taighde na Bliana** | Roksana Niewadzisz (An Scoil Teangacha, Litríochtaí agus Cultúr) |
| **Taighde Gafa na Bliana** | An tOllamh Maggie O'Neill |
| **Gradam an Leasuachtaráin Taighde agus Nuálaíochta sa Taighde Ildisciplíneach** | An Dr Katharina Becker, Scoil an Chomhshaoil Dhaonna<br>An Dr James O'Sullivan, Scoil an Bhéarla agus na nDaonnachtaí Digiteacha |
| **Comhpháirtíocht Taighde na Bliana** | An Dr Patrick O'Callaghan, Scoil an Dlí<br>An tOllamh Brendan Griffin, Scoil na Cógaisíochta |
| **Gradam an Uachtaráin um Thaighde le Tionchar SDGanna** | An Dr Alicia Mateos Cárdenas, An Scoil Eolaíochtaí Bitheacha, Domhainchórais agus Comhshaoil, agus ERI |
| **Gradam Taighde Gaisce Gairme** | An tOllamh John Atkins, Scoil na Bithcheimice agus Cillbhitheolaíochta<br>An tOllamh Anita Maguire, Scoil na Ceimice |

### Dámhachtainí SPRINT

I mí an Mhárta, dhein Dámhachtainí Gheata SPRINT COC na bunaitheoirí a cheiliúradh atá ag forbairt theicneolaíochtaí COC mar ghnólachtachaí nuathionscanta.

| Gradam | Buaiteoir |
|---|---|
| **Gradam Tionchair Chliniciúil SPRINT 2023** | An Dr Siobhain O'Mahony, APC Micribhithóm Éireann |
| **Gradam Teicneolaíochta Bunathraithí SPRINT 2023** | An Dr Breda Long, Scoil na Ceimice, An Institiúid um Thaighde Comhshaoil agus Institiúid Náisiúnta Tyndall |
| **Gradam Inbhuanaitheachta SPRINT 2023** | An Dr Shivani Pathania, Teagasc |
| **Gradam SPRINT do dhuine le háireamh 2023** | An Dr Julie O'Sullivan, APC Micribhithóm Éireann |

### Dámhachtainí agus Foinse Taispeántas IGNITE

I mí Bealtaine d'aithin Dámhachtainí IGNITE céimithe a raibh nach beag ar na smaointe gnó a bhí bunaithe acu.

| Gradam | Buaiteoir |
|---|---|
| **Réidh le haghaidh Infheistíochta, Banc na hÉireann** | Zirkulu, arna bhunú ag Jack Norman agus Fionn McCarthy |
| **Réidh le haghaidh Ioncaim, Oifig Fiontair Áitiúil** | Assistiv, arna bhunú ag Alan Craughwell |
| **Cur i láthair Infheistíochta, Banc na hÉireann** | ForgetMeNot, arna bhunú ag Niamh Murray agus Amy Boyden |
| **Cur i láthair Díolacháin, Oifig Fiontair Áitiúil** | The Mind Mechanic, arna bhunú ag Emily Murphy |

### Institiúid Náisiúnta Tyndall

Bronnadh dámhachtainí éagsúla ar shárthaighdeoirí Tyndall le linn na bliana. Fuair an tOllamh Dimitra Psychogiou Gradam an tSár-Innealtóra Óig, 2023 de chuid IEE MTT-S. Den chéad uair riamh in ollscoil in Éirinn, ceapadh an tOllamh Holgear Claussen mar Chomhollamh le Cumarsáid gan Sreang in COC, Tyndall agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Ceapadh an tOllamh Paul Hurley mar Chathaoir Tionsclaíochta Meta le Teicneolaíochtaí Leathsheoltóra in Tyndall agus i Scoil na Ceimice, COC mar a mbeidh sé i gceannas ar fhoireann taighde ildisciplíneach chun staid na réaltachta breisithe a chur chun cinn i gcomhar le Meta.

Reáchtáladh den chéad uair i mí na Samhna Dámhachtainí Aitheantais Tyndall (TARA), inar léiríodh an obair, an tiomantas atá déanta ag baill foirne agus mic léinn Iarchéime araon a imríonn dea-thionchar.



### Dámhachtainí na Mac Léinn

I mí Iúil 2022, sheol Tyndall sparánacht nua mar chomóradh ar a 40ú bliain ar an bhfód. Aithníonn agus cothaíonn Sparánachtaí Sárthaighde Wrixon feabhas an taighde iarchéime. I mí Dheireadh Fómhair, bronnadh sparánachtaí ar Dinesh Gawade (MEngSc), Cara-Lena Nies (PhD); agus Anthony Wall (PhD). Bronnadh Sparánachtaí Taistil Wrixon ar Celina Li agus Lorenzo Niemitz.

Ar dhámhachtainí eile na bliana seo a bronnadh ar mhic léinn bhí:

- **Arbresha Muriqi**, Mac Léinn PhD Student,
  Buaiteoir, 2022 BOC Gases Postgraduate Bursary Award.
- **Liudmila Khokhlova**, Mac Léinn PhD,
  Buaiteoir, 2023 BOC Gases Postgraduate Bursary Award.
- **Richard Murray**, Mac Léinn PhD,
  Buaiteoir, 2022 Foilseachán Taighde Iarchéime na Bliana urraithe ag X-Celeprint.

### Maoiniú agus Bonneagar Taighde

Bronnadh níos mó ná €2 mhilliún i maoiniú Fhiontraíocht Éireann ar an Dr Justina Ugwah (CLISTEProbe) agus Sarusha Pillay (pHetalSafe) chun a gcuid taighde a aistriú go dtí comhlachtaí nuálacha a rachaidh chun sochair othar ar fud an domhain. Tacaóidh an infheistíocht ó Fhionraíocht Éireann le forbairt na teicneolaíochta agus cuirfidh sé dlús le seoladh an dá chomhlacht. Fuair Tyndall maoiniú ó Chlár Ánrachta RD&I Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) le haghaidh na dtionscadal seo: feabhsuithe teicneolaíochta chun géarsctrócanna a mheas (An Dr Alessandra Imbrogno; agus córas monatóireachta ilphléacs a fheabhsaíonn diagnóis agus cóireáil othar (An Dr Brince Kunnel). Bronnadh níos mó ná €10 milliún ar thionscadail Tyndall i rith na bliana faoi Chlár Bonneagair Taighde an SFI ar mhaithe le bonneagar ceannródaíoch chun tacú le taighde nuálach ar ardchaighdeán san institiúid a imríonn dea-thionchar.



# Caidreamh Domhanda



**An Leasuachtarán um Chaidreamh Domhanda**
I mí an Mheithimh, thosaigh Ursula Kilkelly, an chéad Leasuachtarán um Chaidreamh Domhanda, sa phost agus í mar aidhm shainiúil aici **Cuspóir 3** a bhaint amach de Phlean Straitéiseach COC 2023-2028: Go Buan Feasta. Tá sé mar aidhm ag Cuspóir 3 teist idirnáisiúnta COC a fhás agus ár dtionchar domhanda a leathnú. Cuireann amhlaidh leis an idirnáisiúnú atá ar siúl in COC le blianta fada, agus táthar ag súil go mbainfear leas as cur chuige atá níos straitéise agus níos leithne.

**Plean um Chaidreamh Domhanda**
Ó ceapadh an Leasuachtarán, tá sí dírithe ar beith ag éisteacht, foghlaim faoi ghníomhaíochtaí taighde agus comhairleachta idirnáisiúnta COC agus iad a mhapáil. D'eascair roinnt mhaith eolais agus léargas as suirbhé na foirne, seisiúin chomhairle ghrúpfhócais le baill foirne agus mic léinn, mar aon le caidreamh le páirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh den ollscoil. Chruthaigh na gníomhaíochtaí seo tuiscint shoiléir ar a ndéanaimid faoi láthair, tosaíochtaí don am atá romhainn agus léiriú éigin ar an gcomhaontú mar gheall ar ár dtreo sa todhchaí faoi réir ag Plean Straitéiseach 2023-2028. Tá amhlaidh á chuimsiú sa chéad Phlean um Chaidreamh Domhanda de chuid na hollscoile a mbeidh réidh le haghaidh comhairleachta go luath in 2024. Chomh maith leis sin ar fad, cuireadh tús le plé mar gheall ar struchtúr nua Oifig Dhomhanda COC le cinntiú go mbeidh na socruithe cuí maidir le bainistíocht agus rialú ar bun ann. Forbrófar plean gnó leis chun deimhin a dhéanamh de go dtabharfar na hacmhainní cuí do na tosaíochtaí sin.

**Comhghuaillíocht Ollscoileanna na hEorpa**
Tá caidreamh COC le Comhghuaillíocht Ollscoileanna na hEorpa, Ollscoil Eorpach na gCathracha Iarthionsclaíocha (UNIC), dulta ó neart go neart. Díol suntais ab ea an €14.4 milliún mar mhaoiniú ó Ollscoileanna Eorpacha Erasmus+ 2023 a chinntíonn ár gcomhghuaillíocht de dheich n-ollscoil i gcathracha ar fud na hEorpa amach anseo. Bronnadh €1.87 milliún ar COC go ceann ceithre bliana go dtí 2027. An maoiniú athnuaite, a fógraíodh i mí Iúil, cinntíonn sé rath UNIC go dtí seo agus cinntíonn sé go ndíreofar amach anseo ar chaidreamh le cathracha agus tionchar sochaíoch, oideachas nuálach, agus comhoibriú níos fearr ó thaobh an léinn de, faoi réir ag Cuspóir 3 den phlean straitéiseach.

Den chéad uair in Éirinn seoladh i mí an Mhárta comhchlár máistreachta de chuid UNIC **An Chathair Iarthionsclaíoch a Athdhearadh (RePIC)** Gnóthaigh an clár seo maoiniú de €5.7 milliún ó dheontas Comh-Mháistreachta Erasmus Mundus, a fógraíodh i mí Iúil. Clár MSc ar leith is ea RePIC atá forbartha agus ar fáil in ocht gcinn d'ollscoileanna comhpháirtíochta UNIC mar a mbíonn mic léinn ag maireachtáil agus ag staidéar i suas le trí chathair ina bhfuil ollscoileanna UNIC.

**€14.4 milliún** **a gnóthaíodh mar mhaoiniú i ngairm Ollscoileanna Eorpacha Erasmus+ 2023.**

**Athnuachan Bhranda COC**
Coimisiúnaíodh Neworld chun tacú le hathnuachan branda de Ghrúpa COC. Tá níos mó ná deich mbliana ann ó tharla an athnuachan dheireanach agus cuirfidh sí ar ár gcumas ár láidreachtaí sainiúla a aithint, agus ár n-íomhá chorparáideach a athnuachan i bhfianaise ár misin, ar bhfíse agus ár luachanna. Tá an próiseas seo faoi réir ag plean straitéiseach na hollscoile, lena n-áirítear an fócas ar chaidreamh, próifíl agus tionchar domhanda.

**7,239 bronnadh céimeanna** **agus tháinig thart ar 17,000 duine cuairt ar an gcmamps.**

**Imeachtaí agus For-Rochtain**
Le linn bhliain na tuarascála seo shroich suíomh idirlín COC thart ar 5.8 milliún duine. Dhírigh 720k ar an leathanach baile, 620k ar leathanaigh na gcúrsaí agus 120k ar UCC Apply. Chuir Ionad na gCuairteoirí, COC fáilte roimh an 100,000ú páiste ar bronnadh céim air i mí an Mheithimh. Tá turais méadaithe aige faoi 25% agus an t-ioncam ardaithe faoi 12% ann. Fuair ceann Sheirbhísí na gCuairteoirí Gradam an Ambasadóra ó Bhiúró Comhdhála Chorcaí as gnó comhdhála dar luach €240,000 a fháil do Chathair Chorcaí. Stiúraigh Foireann na nImeachtaí sár-imeachtaí in COC lena n-áirítear seoladh an phlean straitéisigh nua, an Phlean Gníomhaíochta um Inbhuaitheacht agus Aeráid agus ionad iostais Nead an Phréacháin

Thacaigh an fhoireann le cuairt Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, agus Uachtarán Mhálta agus d'óstáil sí Fóram Comhairleachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha ar Pholasaí Slándála chomh maith le **UCC Other Voices**. Bronnadh sé chéim oinigh i mbliain na tuarascála seo lena n-áirítear an Dr Katalin Krikó, an tOllamh Brendan O'Leary agus an tUas Derek Mooney. Bronnadh céim ar 7,239 sa bhliain 2023, rud a mheall thart ar 17,000 cuairteoir chun an champais.






# Ár bhFoireann, Ár gCultúr

Cuireann *Plean Straitéiseach COC, 2023-2028: Go Buan Feasta* daoine i gcroílár ghnó na hollscoile agus sinn tiomanta do *Phlean Daoine agus Cultúir* a chur i bhfeidhm atá forásach agus ionchuimsitheach. Cruthaíodh post nua An Príomhoifigeach Daoine agus Cultúir chun na cuspóirí straitéiseacha sa ghné seo a chur chun cinn. Tosóidh Ashley Flaherty sa phost seo ar an 1 Samhain 2023.

### Ár bhFoireann a Mhealladh, a Fhorbairt agus a Choinneáil

Le linn bhliain na tuarascála seo, dhírigh Foireann Lárnach na Seirbhísí go príomha ar chomórtais earcaithe agus tallan a mhealladh le haghaidh post ar **Todhchaíochtaí COC**. Ó seoladh é i mí Mheán Fómhair 2021, tá Seirbhísí Lárnacha na nAcmhainní Daonna tar éis seacht bhfeachtas earcaithe a reáchtáil ar mhaithe le 98 ról acadúil sna réimsí seo a leanas: Saotharlann na nDaonnachtaí Fréamhaí (12); Inbhuanaitheacht (27); Micribhithóm Bia agus Sláinte (14); An Leigheas Feasta (11); Todhchaíochtaí Sóisialta i gComhar (15); An Chógaisíocht Feasta (8) agus Candam agus Fótónaic (11).

Tacaíonn **Tionscnamh Ceannaireachta Acadúla Sinsearaí**, arna reáchtáil ag an Údarás um Ard-Oideachas HEA agus arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES), le hollscoileanna dul i mbun gníomh dearfach chun dlús a chur le cuspóirí agus aidhmeanna comhionannais ó thaobh na hinscne de. D'earcaigh COC beirt Ollúna den scoth go dtí na rólanna seo le linn bhliain na tuarascála seo, duine amháin mar ollamh SALI le teicneolaíocht chandamach agus duine amháin mar ollamh SALI le stair inscne ha hÉireann.

### Folláine agus Forbairt na Foirne

Baineann dúshlán acmhainní leis na riachtanais éagsúla forbartha agus folláine a shásamh atá aitheanta ag an bhfoireann a bhíonn ag fás de shíor, ach pléann Folláine agus Forbairt na Foirne go leanúnach le gníomhaíochtaí folláine agus forbartha le haghaidh ball foirne. Le linn bhliain na tuarascála, cuireadh 66 seisiún folláine ar fáil agus iad dírithe go príomha ar chúrsaí meabhairshláinte. Is í seo an dara bliain inar deineadh Folláine agus Forbairt na Foirne cur i láthair eolais ar líne le haghaidh na mball foirne go léir. D'óstáil siad ceardlann ar Fholláine agus Teacht Aniar le haghaidh Cheannairí COC a chuir an t-eolas ar fáil do cheannairí tuiscint a fháil ar chomharthaí luatha imní, strus agus dúlagair, mar aon le straitéisí úsáideacha féinchúraim.

Cuireadh ceardlanna Folláine agus Teacht Aniar ar fáil do gach coláiste agus do na Seirbhísí Lárnacha. Do bhí an fhoireann an-sásta leis an gcéad Chaifé Foirne le haghaidh Meanapáis é a óstái i gcomhar leis an Aonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú. Pléigh 349 duine - baill foirne, páirtithe agus leanaí níos sine na 18 mbliana déag lenár soláthraí Spectrum Life a chuireann Clár Cúnaimh na mBall Foirne ar fáil.

**66** **seisiún folláine a bhí dírithe ar chúrsaí mheabhairshláinte le linn na bliana.**

Dearadh clár de 17 imeacht ar líne agus ar an gcampas chun Seachtain Folláine na Foirne a cheiliúradh i mí Aibreáin agus bhí éascaitheoirí ann ó gach cearn de phobal COC. Ar na topaicí a clúdaíodh bhí: cur chuige iomlánaíoch i leith na folláine agus leagadh béim ar thacaíochtaí folláine na foirne.

Topaicí eile ná:

- Ag Plé le Cúrsaí Díomá agus Deacrachtaí;
- Síceolaíocht Shláinte na bhFear;
- Teacht Aniar;
- Meanapás;
- Tacaíocht Mhéala;
- Clinicí Fholláine Airgeadais.

**17** **n-imeacht ar líne agus ar an gcampas mar cheiliúradh ar Sheachtain Folláine na Foirne.**

### Oiliúint agus Forbairt

Reáchtáladh 138 ceardlann le linn na bliana ina raibh 2,342 áit ar fáil a bhí líonta ag 1,092 comhghleacaí. Ghlac 403 ball foirne páirt i gceardlann Shuaitheantas Digiteach COC, bronnadh Suaitheantais Dhigiteacha COC ar 64 ball foirne agus d'fhreastail 130 ball foirne ar cheardlanna Scoile nó feidhme.

Mar cheiliúradh ar bhunú chlár **Aurora** de chuid Advance HE 'Mná sa Cheananireacht' deich mbliana ó shin, chuir an 20 ball de Aurora críoch leis an gclár seacht mí i mBaile Átha Cliath i mí Bealtaine le haghaidh mná atá ag obair san ardoideachas timpeall oileán na hÉireann.

**138** **líon na geardlann oiliúna agus forbartha a éascaíodh le linn na bliana.**

### Duaiseanna Fadseirbhíse

Reáchtáladh an 24ú searmanas Duaiseanna Fadseirbhíse i mí na Samhna. Deis is ea an searmanas seo chun aitheantas a thabhairt don obair iontach atá déanta ag foireann na hollscoile. Ar an iomlán fuair 79 an duais. Aithníodh 12 as 35 bliain de sheirbhís agus 67 as 25 bliain de sheirbhís. Chun a gcuid tiomantais agus díograise in COC a chomóradh, bronnadh dealbh chastáin coimisiúnaithe go speisialta dar teideal 'an lasair shíoraí', a sheasann do chúrsaí na beatha agus bhí a sloinnte scríofa in Ogham orthu.

**79** **líon na mball foirne ar bronnadh gradam fadseirbhíse orthu i mí na Samhna.**

### Dámhachtainí Aitheantais na Foirne

Reáchtáladh Dámhachtainí Aitheantais Fhoireann COC, 2022 i mí na Nollag. Searmanas bliantúil é seo a reáchtáiltear i gcomhar leis na Dámhachtainí Foghlama agus Teagaisc, agus den chéad uair in 2022, i gcomhair le Dámhachtainí Aitheantais Fhoireann na gComhlachtaí Campais. Seoladh na dámhachtainí nua seo mar chomóradh ar shárobair fhoireann na bhfo-chuideachtaí atá ag feidhmniú ar an gcampas chun sochair phobal COC. Bhí daoine aonair mar aon le foirne i measc na mbuaiteoirí agus bronnadh plaic ghloine maille le teastas orthu go léir.

### Córais HR

Leanaimid leis an uirlis tuairiscithe feidhmíochta Insight agus sinn ag déanamh uasdátaithe ar ár gcuid cumais tuairiscithe ar réiteach néalbhunaithe. Feabhsaíonn amhlaidh bonneagar teicniúil HR agus é níos nua-aimseartha dá bharr. Cuireann sé ar chumas HR, leis, leas iomlán a bhaint as agus cleachtais ghnó a chlaochlú a bhuí le réitigh dhigiteacha. Anuas air sin, i gcomhar le Seirbhísí TF, tá Córais Faisnéise HR ag cur feabhas ar thuairisciú straitéiseach ar mhaithe le sonraí na foirne.

### Taighde

D'fhógair an tÚdarás um Ardoideachas (HEA) le linn bhliain na tuarascála seo go ndéanfar soláthar náisiúnta ar chlár a bhí deartha in COC, dar teideal **clár Odaisé**, lena dtugtar tacaíocht do mhi leinn PhD agus don fhoireann taighde chun ullmhú le haghaidh gairmeacha éagsúla in earnáil an ardoideachais. Tá nasc díreach sa chlár le **Tionchar 2030** de chuid Rialtas na hÉireann a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar chosáin ghairmeacha in earnálacha éagsúla, i dtreo is gur féidir le taighdeoirí agus céimithe dochtúireachta lántairbhe a bhaint as an an tionchar a imríonn siad ar gach saghas eagraíochta ar fud na hÉireann agus lasmuigh di, fad is a bhíonn a lánacmhainneacht féin á baint amach acu.

Cuirtear ar fáil le Scéim Scoláireachta Tearman COC tacaíocht airgeadais mar dheontas tosaithe de €500 chun freastal ar na riachtanais is gá chomh maith le ríomhaire glúine agus tuarastal míosúil ar feadh sé mhí ar a laghad do gach duine den seisear Ánraí Taighde. Tá meantóir ó cheann de na ceithre Choláiste in COC ag gach Ánra agus cuirfidh an meantóir sin piarthacaíocht shóisialta agus ghairmiúil ar fáil.



# Ár nÁit, Lorg Ár gCos



# Campas Cónasctha go Digiteach

Lean Seirbhísí TF le tosaíochtaí digiteacha straitéiseacha COC a sholáthar agus seoladh an **COC Máistirphlean Digiteach**. Ar na tosaíochtaí seo, tá cibearshlándáil, scileanna agus cumais dhigiteacha, seirbhísí sonraí agus intleacht shaorga a úsáid chun seirbhísí riaracháin a uathoibriú agus a dhigitiú. Tá tosaíochtaí Sheirbhísí TF faoi réir ag Cuspóirí agus Cumasóirí Straitéiseacha Phlean Straitéiseach COC, 2023-2028: Go Buan Feasta.

### Uirlisí Taighde Digiteacha

IT Services have three projects underway in collaboration with UCC Research to transform the digital supports for research across UCC.

Tá trí thionscadal ar bun ag Seirbhísí IT i gcomhar le Taighde COC chun tacaíochtaí digiteacha taighde ar fud COC a athrú ó bhonn. Córas Faisnéise Taighde: Tá maoiniú gnóthaithe againn agus tá tús curtha againn leis an bpróiseas soláthair chun córas nua faisnéise a fháil a shimpleoidh agus a uathoibreoidh riarachán an taighde. Bonneagar Taighde: Tá uasghrádú déanta againn ar an gcóras stórais CORA go dtí réiteach nua a óstáiltear ar an néal. Clár Riaracháin Taighde: Tá tús curtha againn le réiteach a chur i bhfeidhm a fheabhsóidh turas an mhic léinn taighde agus bainistiú sonraí.



*Sa phictiúr ó chlé: James Barry agus Denis O'Connor, Foireann Ghréasán Sheirbhísí TF, agus pointí rochtain Wi-Fi á socrú acu.*

### Rathúlacht na Mac Léinn

Lean Seirbhísí TF le teicneolaíocht agus tacaíochtaí a sholáthar d'fhonn turas na mac léinn agus Dearadh Uilíoch a fheabhsú. Le linn bhliain na tuarascála sheolamar Céim 2 dár gCóras Curacalaim Ollscoil nua ina ndéantar digitiú ar shaolré ár gclár. D'oibríomar ar raon tionscadal ar fud na hollscoile chun rathúlacht na mac léinn a fheabhsú lena:

- n-áirítear tionscadal chun measúnú digiteach sábháilte a chur chun cinn;
- comhtháthú idir an t-ardán ar líne foghlama (Canvas) agus liostaí léitheoireachta na Leabharlainne;
- Compás COC uirlis féinmheasúnaithe do mhic léinn;
- cur le rochtain ár gcuid foghlamtha digití;
- comhtháthú feabhsaithe idir córais na mac léinn, idir chórais champais agus chórais ar an néal.

### Caidreamh Domhanda

Chuireamar feabhas ar ar gcuid sonraí i mbliana chun cur le hearcú idirnáisiúnta mar aon le tacaíochtaí do mhic léinn idirnáisiúnta ach clár sonraí oibre a chur ar bun a chuimsíonn réimse deaiseanna sonraí chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean straitéisigh, Méadracht Fhoireann Ceannais na hOllscoile agus Leabhar Fíricí COC. Chuireamar i bhfeidhm cur chuige feabhais leanúnaigh de réir an timthrialla acadúil chun lántairbhe a bhaint as ardáin tuairiscithe nua mar aon le roghanna tuairiscithe níos feiceálaí. D'oibríomar i gcomhar le hOifig na Meán agus na Cumarsáide chun ardán ábhair dhigitigh nua a bhunú, UCC TV, a óstálann meáin shuimiúla agus reatha dár lucht féachana áitiúil agus domhanda.

### Ár bhFoireann, Ár gCultúr

Oibríonn Seirbhísí TF chun go mbeidh pobal COC in ann tabhairt faoi ghníomhaíochtaí foghlama, teagaisc agus gníomhaíochtaí nach iad agus leas á bhaint as teicneolaíocht chun an pobal a chónascadh leis an eolas agus na seirbhísí a bhfuil gá acu leo. Le linn na bliana, bunaíodh an tIonad um Chomhairle Dhigiteach (DAC) chun próisis riaracháin a athrú go digiteach, agus an bhliain roimhe, cuireadh críoch le 16 phróiseas. Leabaíodh scileanna agus cumais dhigiteacha in ionduchtú agus oiliúint foirne den chéad uair riamh. Cuireadh tús chomh maith le linn na bliana seo le Tairseach Seirbhísí COC d'fhoireann agus mic léinn COC chun feabhas agus snas a chur ar sholáthar seirbhísí ar fud COC.

- Fuair 102 ball foirne Suaitheantas Digiteach Office 365;
- D'fhreastail 414 ball foirne ar Shraith na Foghlama Beo de chuid DAC;
- Rinne 144 ball foirne nua Ionduchtú TF;
- Logáladh 10,000 ticéad TF ó mhic léinn;
- Logáladh 4,657 ticéad TF ó bhaill foirne.

### Cibearshlándáil

Cuid thábhachtach dár saol agus de shaol na mac léinn anois is ea ár gcampas digiteach. Bíonn ár bpobal de shíor faoi bhagairt ó chibearionsaithe, agus deineadh ionsaí go minic ar ollscoileanna sa bhliain 2023. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh oiliúint a chur ar ár bhfoireann agus ár mic léinn conas COC a chosaint ó na hionsaithe seo. Oibríonn Seirbhísí TF agus Foireann Slándála TF i gcónaí le cinntiú go mbeidh ár gcampas digiteach slán agus chuir siad roinn tionscnamh ar fáil a phléigh leis sin i rith na bliana. Orthu seo bhí Mí Feasachta na Cibearshlándála, Oiliúint Feasachta Cibearshlándála don Fhoireann; uasghrádú ar na príomh-fheidhmchláir ghnó ar an néal; agus soláthar leanúnach Wi-Fi atá sábháilte ar fud fad an champais.

- Rinne 1,187 ball foirne oiliúint feasachta cibearshlándála.
- Deineadh taifead de 89 cibear-theagmhas;
- Suilteáladh 486 pointe rochtana Wi-Fi nua.

# Forbairtí Caipitiúla

Lean clár forbartha caipitiúla* le linn bhliain na turascála agus rinneadh dul chun cinn nach beag ar roinnt tionscadal gníomhach. Cé go bhfuil tionchar phaindéim Covid-19 agus ceisteanna geopholaitiúla eile tar éis dul i laghad, tá dúshláin ann i gcónaí d'earnáil na foirgníochta maidir leis an slabhra soláthair agus acmhainní. Cé gurbh ann do bhoilsciú foirgníochta de 13.4% le linn 2021 agus de 11.5% in 2022, thait sé go dí 2.4& le haghaidh na chéad leithe de 2023, rud a thabharfadh le tuiscint go rabhthas le filleadh ar na gnáthleibhéil. Saoráid iasachta Bhanc Infheistíochta na hEorpa a thacaíonn lenár gclár dar luach €400 milliún mar bhonn leis an gclár caipitiúil go príomha. Tá na tionscadail uile faoi réir ag cuspóirí straitéiseacha COC agus le hAthbhreithniú Mháistirphlean COC a deineadh in 2021.

### Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí
Lean foireann deartha Ailtirí RKD leis an dearad atá molta d'fhoirgneamh Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí agus cuireadh isteach an t-iarratas pleanála i mí na Nollag 2022. Tugadh cead pleanál i mí Bealtaine 2023 agus tá an deara sonraithe faoi lán seoil, le go gcuirfear an tionscadal amach ar tairiscint do chonraitheoirí tógála go luath sa bhliain 2024.

### Áras Eolaíochta Kane
Gnóthaíodh i mí Bealtaine an t-iarratas ar mhaoiniú tacaíochta dar luach €25 milliún ó Chiste Bhonneagar Straitéiseach an Ardoideachais (Timthriall 2) HESIF II chun athchóiriú a dhéanamh ar Áras Eolaíochta Kane.

### Iarfheistiú Theach George Boole
Táthar ag leanúint le hathchóiriú Theach George Boole, agus an t-iarratas ar chead pleanála curtha isteach. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis na hoibreacha go luath sa bhliain 2024.

### Síneadh Institiúid Náisiúnta Tyndall
Táthar ag feitheamh ar chinneadh ón mBord Pleanála ar chead pleanála le haghaidh na forbartha seo. Leanadh leis an dearadh mionsonraithe, agus táthar ag súil go lorgófar tairiscintí ach an faomhadh reachtúil iomlán a bheith faighte.

### Scoil Chliniciúil agus Leighis Ollscoil Chorcaí
Tar éis tairiscintí a bhí níos mó ná an buiséad a bheith faighte sa bhliain 2022, rinneadh athbhreithniú ar dhearadh Scoil Chliniciúil agus Leighis Ollscoil Chorcaí ar champas Ospidéal na hOllscoile Corcaigh. Deineadh mionathruithe ar an dearadh de bharr an athbhreithnithe seo (níor cuireadh isteach ar chead pleanála srl.) chomh maith le riachtanas chun an tionscadal a chur ar tairiscint do chonraitheoirí tógála an athuair. Tá sé beartaithe go gcuirfear ar tairiscint arís é go déanach sa bhliain 2023.

### Iarfheistiú Domhain an Ionaid Fiontraíochta
Tá cuspóir earnála poiblí ag COC chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030 agus leantar leis an bhfeabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh poiblí ó chuspóir de 33% in 2020 go dtí 50% in 2030. Céim 2 de chlár Fionnachtaí an HEA / SEAI (oibreacha ar chreatlach agus suiteáil teaschaidéil) atá i gceist le hiarfheistiú domhain an Ionaid Fiontraíochta. Cuireach críoch rathúil le Céim 1 de na hoibreacha le linn shamhradh 2023, agus cuirfear críoch le hoibreacha Chéim 2 le linn shamhradh 2024.

### Scoil agus Ospidéal Fiaclóireachta na hOllscoile Corcaigh
Leanaimid de bheith ag lorg thacaíocht an stáit chun dul i ngleic leis an mbearna idir an ciste atá ar fáil agus costas measta an tionscadail atá i gceist don fhorbairt seo.

### Giomnáisiam Scuaid Airéine na Muirdíge
Cuireadh tús leis an hoibreacha foirgníochta ar an tionscnamh píolótach seo, a bhfuil astaíochtaí carbóin ísle i gceist leis, i mí Mheán Fómhair 2022 agus tháinig siad cun críche i mí an Mhárta 2023. D'oscail an tAire Michael McGrath an tsaoráid go hoifigiúil i mí Iúil 2023 agus cuirtear ar fáil ann sár-áiseanna do lúthchleasaithe agus foirne den scoth.

*Cuimsítear i dTuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin, 2022/2023, arna foilsiú i mí Bealtaine 2024, an tréimhse 01 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023. Idir an dá linn, rinne an tÚdarás Rialaithe i gcomhpháirt leis an Údarás um Ardoideachas athbhreithniú ar an gclár caipitiúil. Cuirfear sonraí an athbhreithnithe sin ar fáil i dTuarscáil Bhliantúil an Uachtáin, 2023/2024.



**Síneadh agus Athchóiriú Amharclann na Gráinsí**
Táthar ag lorg tacaíochta maoinithe ar bhonn gníomhach le haghaidh an tionscadail seo a chinnteofar go mbeidh rochtain ag cách ar an bhfoirgneamh seo.

**Forbairt Nead an Phréacháin**
Leanadh le forbairt Nead an Phréacháin, agus cuireadh críoch le hionad iostais na mac léinn ann i mí an Mhárta 2023, in am do shéasúr an tsamhaidh in 2023. Osclaíodh é go foirmiúil i mí Mheán Fómhair sular bhog mic léinn isteach ann le haghaidh na bliana acadúla 2023/2024. Osclaíodh Ionad Sláinte na Mac Léinn agus caifé ar urlár na talún i mí Iúil agus i mí Lúnasa faoi seach.

**Athchóirithe, Riaráiste Cothabhála agus Oibreacha an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide**
Bhí foirean Oifig na bhFoirgneamh an-ghnóthach le hobair athchóirithe agus athnuachana, mar aon le riaráiste cothabhála agus oibreacha an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. Thacaigh maoiniú deontais déabhlóidithe bliantúil an HEA le cuid mhór de na tionscadail seo. Orthu seo tá:

- Cuireadh críoch leis an spás oibre Lúfar nua i gCúirt Sheraton. Is féidir le baill foirne deasc shealaíochta a chur in áirithe ann.
- Suiteáladh roinnt gineadóirí cúltacha in áiteanna straitéiseacha timpeall an champais mar mhaolú ar ghearradh cumhachta de dheasca ceisteanna geopholaitiúla.
- Rinneadh athchóiriú iomlán ar 1-4 Tithe Brighton agus Mol nua Mheabhairshláinte agus Fholláine na Mac Léinn lonnaithe ann anois.
- Rinneadh athchóiriú ar Ard Phádraig chomh luath agus a d'aistrigh foireann Shláinte na Mac Léinn go dtí an láthair nua i Nead an Phréacháin.
- Deimhníodh an dul chun cinn atá á dhéanamh againn chun ar gcuid sainchuspóirí faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% agus chun feabhas de 50% a chur ar eifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030 agus deineadh uasghrádú orthu seo a leanas: uathrialú Chóras Bainistíochta na bhFoirgneamh, méadair, solais (laistigh agus lasmuigh); caidéil agus HVAC. De réir na bhfigiúirí ag deireadh na bliana 2022, tá laghdú de 21% bainte amach againn ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa de agus feabhas de 45% bainte amach againn ó thaobh na héifeachtúlachta fuinnimh de.



# Todhchaíochtaí Inbhuanaithe a Ghnóthú

### Leasuachtarán Comhlach le hInbhuanaitheacht

I mí Aibreáin, ceapadh an chéad Leasuachtarán Comhlach le hInbhuanaitheacht in COC, an tOllamh Brian Ó Gallchóir. Tá an tOllamh Ó Gallchóir mar stiúrthóir nua den Institiúid um Thaighde Comhshaoil in COC. Cuireann an post nua seo go mór le cumas na hollscoile chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn i mórán gníomhaíochtaí dá cuid, rud a threisíonn dea-theist COC mar institiúid cheannródaíoch ar mhaithe le hinbhuanaitheacht in Éirinn.

### Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide

Le linn bhliain na tuarascála seo ainmníodh COC sa 7ú háit ar fud an domhain i rangú an UI Green Metric, sa 68ú háit i rangú an Times Higher Education agus mar an 'Institiúid is Inbhuanaithe' ar fud an domhain ag Dámhachtainí na bhFallaingeacha Glasa. Sa bhliain 2023, bhí tonnáiste dramhaíola COC 40% níos ísle i gcomparáid leis an tonnáiste roimh an bpaindéim. Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na leathanach a cuireadh i gcló ó 2019 nuair a bhí 19 millilún leathanach i gceist go dtí beagán níos mó ná 5 mhilliún leathanach sa bhliain 2022. Tá laghdú tagtha ar astaíochtaí carbóin faoi 21% i Scóip 1 (astaíochtaí atá i seilbh eagraíochta nó á rialú ag an eagraíocht) agus i Scóip 2 (astaíochtaí arna gcruthú go hindíreach ag eagraíocht). I mí na Samhna, sheol COC tuairisc agus suíomh idirlín inar pléadh le **Taighde COC ag cur le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe**. Phléigh suas le 500 taighdeoir, as gach ceann den 27 Scoil, le tionscadal mapála, inar cruthaíodh gur foilsíodh ábhar a bhaineann leis na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe níos mó na 5,000 uair.

### SDSN Éireann

I mí Feabhra seoladh go hoifigiúil ag ócáid i gceanncheathrú Ollscoil na hÉireann i mBaile Átha Cliath **An Gréasán um Réitigh Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe (SDSN Éireann)**. Oibríonn idir thuaisceartaigh agus deisceartaigh le chéile, agus an Gréasán á chomh-óstáil ag COC agus Ollscoil an Banríona, Béal Feirste a dhíríonn ar réitigh a bhaineann le cúisní áirithe agus gníomhaíocht áitiúil a spreagadh ar mhaithe leis na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe. Tharla an chéad chruinniú de Chomhairle Ceannais an Ghréasáin an lá céanna a bhfuil ballraíocht aici ón rialtas, ón ardoideachas, ón tsochaí shibhialta agus ó Acadamh SDG. Tá an tAmbasadóir David Donoghue mar chathaoirleach ar an gCoiste Feidhmiúcháin.

### An Plean um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide

I mí Meithimh, sheol an tAire Airgeadais, Michael McGrath, TD, **An Plean um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide, 2023–2028** in COC. Tagann an plean seo in áit Straitéis Inbhuanaitheachta na hollscoile (2016) agus tacaíonn sé le Plean Straitéiseach COC, 2023-2028, go háirithe Cuspóir 5: Ár nÁit, Lorg Ár gCos. Cuimsítear sa phlean 62 gníomh dírithe ar dheimhin a dhéanamh de go mbeidh COC i gcónaí mar institiúid cheannródaíoch ó thaobh na hinbhuanaitheachta de agus go laghdóidh sé an droch-thionchar a imríonn sé ar an timpeallacht. Leagtar amach ann leis cuspóirí na hearnála le haghaidh na hollscoile le bheith ag nialas maidir le scóipeanna uile astaíochtaí faoi 2040 agus a bheith ag nialas maidir le dramhaíl faoin mbliain 2030.

### Plaisteach Aonúsáide agus Soláthar Glas

Le linn bhliain na tuarascála dhein COC gaisce cróga nuair a chuir sé cosc i mí Eanáir ar chupáin aon uaire agus buidéil phlaisteacha i saoráidí lónadóireachta uile an champais chomh maith le caiféanna agus seirbhísí díola. Ag comhoibriú le comhghleacaithe i Lónadóireacht KSG agus in Áras na Mac Léinn, cuireadh scéim éarlaise agus aisíoca ar bun ar fud an champais. Faoi mhí Dheireadh Fómhair, bhí líon na gcupán aon uaire a bhí ag dul go líonadh talún laghdaithe faoi níos mó na milliún aonad. Níl anseo ach sampla amháin leis an gcaidreamh a dhéanann COC le soláthraithe seirbhíse chun cúrsaí an comhshaoil a fheabhsú. Baintear nithe mar seo amach a bhuí lenár saineolas maidir le soláthar glas agus sinn ag leabú cosaint don timpeallacht inár gcuid mórchonarthaí go léir.



### Dícharbónú

Leanann COC mar cheannródaí san earnáil de bharr go nglacann sé cur chuige i leith bainistíochta fuinnimh i gcónaí a laghdaíonn an t-ídiú trína chlár ISO50001 agus a Scéim Sábhála Coigilteora. I mí Dheireadh Fómhair, bhuaigh COC dhá ghradam ag Dámhachtainí an SEAI 'Foireann Fuinnimh na Bliana' agus 'Feabhas sa Taighde Fuinnimh'.

### Saotharlann Mhaireachtála an Champais Ghlais

I mí Iúil fógraíodh an tríú babhta de mhaoiniú le haghaidh **Saotharlann Mhaireachtála an Champais Ghlais** in COC. Cuirtear ar fáil leis an tionscnamh seo maoiniú do thionscadail a thacaíonn leis Plean COC um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide. Maoiníodh MSc agus sé thionscadal léirithe. Pléifidh an MSc leis an tionchar atá ag polasaí COC gan féar a ghearradh ar éagsúlacht inveirteabrach agus pléifidh ceann amháin de na sé thionscadal le suíomh idirlín COC a dhéanamh níos glaise.

### Taighde Inbhuanaitheachta

Ceannródaí is ea COC i gcónaí nuair a thagann sé go dtí taighde inbhuanaitheachta ar ardchaighdeán a úsáideann sé chun tionchar suntasach a imirt ar an tsochaí. Le linn bhliain na tuarascála seo, rinneadh méid na dtagairtí is airde ar thriúr ceannairí taighde COC san Institiúid um Thaighde Comhshaoil sna réimsí seo, fuinnimh ghaoth na mara, múnlú fuinnimh agus leictri-bhreoslaí. D'earcaigh COC 30 acadóir nua faoin tionscnamh corraitheach **Todhchaíochtaí COC: Inbhuanaitheacht** chun dul chun cinn ceannródaíoch a dhéanamh i réimsí nua taighde inbhuanaitheachta a chuimsíonn gnó inbhuanaithe, todhchaíochtaí glanfhuinnimh agus dlí an chomhshaoil. Ghnóthaigh taighdeoirí inbhuanaitheachta níos mó ná €20 milliún breise i maoiniú taighde, lena n-áirítear Deontas Comhdhlúthaithe Chomhairle Taighde na hEorpa le haghaidh taighde ar cheartas aeráide leanaí/óige. I mí Dheireadh Fómhair, bhí baint ag COC leis an an gcéad Tionól Saoránach in Éirinn le haghaidh Leanaí agus Daoine Óga ar chaillteanas bithéagsúlachta. Bhuaigh an tOllamh Brian Ó Gallchóir agus Aoife Deane, COC, an chéad ghradam de chuid an SFI le haghaidh Taighde Gafa i mí na Samhna as tionscadal aistrithe fuinnimh tuaithe i gCorca Dhuibhne faoi 2030 ar bronnadh duaiseanna eile air leis. I mí Mheán Fómhair d'fhógair BSL agus Tionscadal na Sionainne agus Fhainge go dtacófaí le taighde i gcomhar le COC ar fhuinneamh ghaoth na mara atá ar foluain.






# Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

**Comhionannas Cine**
I mí Iúil dhearbhaigh COC arís a thiomantas do dhul i ngleic le ciníochas agus cultúr an chomhionannais cine a leabú nuair a shínigh sé cáipéis an HEA Prionsabail **Frith-Chiníochais in Institiúidí Ardoideachais**. Leis seo, tá COC meáite ar ghníomhú i mór-réimsí lena n-áirítear cur le frith-chiníochas mar chuid de thosaíochtaí straitéiseacha na hollscoile agus cur chuige trasnach agus idirchultúrtha a chothú nuair a fhorbraíonn sé gnímh agus polasaithe frith-chiníochais. Le linn bhliain na tuarascála seo leis, bhí obair Fhóram Comhionannais Cine COC, a bunaíodh in 2019, le feiceáil agus dul chun cinn déanta aige leis an nGréasán um Chomhionannas Cine (REN) á sheoladh aige.

**Comhionannas Inscne**
I mí an Mhárta 2023, bronnadh trí ghradam nua Athena SWAN Chré-Umha ar COC. Aithnítear leis na gradaim seo cur chun cinn an chomhionannais inscne i Scoil na dTeiripí Cliniciúla, Scoil na nEolaíochtaí Matamaiticiúla agus Scoil na hEolaíochta Ríomhaireachta agus Theicneolaíocht na Faisnéise. Táthar i mbun oibre chomh maith ar iarratas institiúideach ar ghradam Airgid Athena SWAN.

Le linn bhliain na tuarascála seo, bhí COC ina chomhpháirtí gníomhach ar thionscadail arna maoiniú faoi **Chiste Feabhsaithe Comhionannais Inscne** an HEA, lena n-áirítear clár píolótach a fhorbairt ina bpléitear le fir chun cur le comhionannas inscne. Tá sé mar aidhm ag an gciste seo cuir chuige nuálacha a spreagadh chun dul i ngleic le comhionannas inscne in institiúidí ardoideachais. Tá COC mar chomhpháirtí ar an gclár Ag Ullmhú le haghaidh Dul chun Cinn Acadúil (PAA), a chuireann ceardlanna agus seisiúin oiliúna ar fáil, a thacaíonn le mná a bhfuil sé i gceist acu iarratas a dhéanamh ar phoist mar ollúna nó ar ardú céime mar ollúna. Thacaíomar le triúr rannpháirtithe le linn na bliana ar an gclár PAA agus chuireamar triúr meantóirí ar fáil.




**Comhionannas LADT+**
Bhí ceiliúradh in COC don dara bliain as a chéile agus é mar urraitheoir oifigiúil ar Fhéile Bhróid LADT+ Chorcaí sa bhliain 2023 tráth ar óstáil sé sraith imeachtaí a thosaigh le Cóisir Tae an Bhróid agus a chríochnaigh le baill foirne agus mic léinn ag máirseáil i Mórshiúl Bróid Chorcaí. Téama Bród Chorcaí sa bhliain 2023 ná '**30 Bliain Faoi Bhláth**', inar deineadh comóradh ar 30 bliain ó díchoiríodh hómaighnéasachas in Éirinn.

Sa bhliain 2023, d'fhorbair Clár Thréithe an Chéimí **Gréasán Comhghuaillithe na Mac Léinn Bródúil**, chomh maith le feachtas, d'fhonn oideachas agus cumhacht a chur ar fáil do chách le bheith mar chomhghuaillithe éifeachtacha agus bródúla phobal LADTA+ Is ann do raon acmhainní agus uirlisí anois le haghaidh na mac léinn a bheidh ina gcúnamh dóibh ról gníomhach a imirt i dtreo is go mbeidh COC ina áit sábháilte agus tacúil dá gcomh-mhic léinn LADTA+.

**An Creat um Fhoréigean agus Ciapadh Gnéasach a Chosc**
Ó seoladh **An Creat um Fhoréigean agus Ciapadh Gnéasach a Chosc in Institiúidí Ard-Oideachais na hÉireann** in 2019, tá dul chun cinn déanta ag COC sna ceithre philéar atá ag an tionscnamh seo. Bhí rath nach beag ar Chlár Idirghabhála na bhFéachadóirí, inar ghlac COC ról ceannródaíoch, chomh maith le hoiliúint um Thoiliú Gníomhach do mhic léinn mar chuid dá n-ionduchtú. Díríodh chomh maith ar Pholasaí agus Gnáthaimh Mí-Iompair Gnéis a fhorbairt agus chuige seo chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh den institiúid. Forbraíodh Clár Idirghabhála na bhFéachadaóirí chun oideachas a chur ar mhic léinn COC le dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le foréigean gnéasach agus caidrimh.

I mí Feabhara seoladh clár na foirne/na háite oibre le linn Sheachtain Idirghabhála na bhFéachadóirí, 2023. Bhí cumann CLG COC ar an gcéad chlub ag an tríú leibhéal a chuir oiliúint idirghábhála na bhféachadóirí ar fáil dá bhaill. Leathanaíodh an clár le linn bhliain na tuarascála seo agus é ar fáil d'eagraíochtaí agus áiteanna oibre eile lena n-áirítear Óglaigh na hÉireann agus Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann.

# Alumni agus Forbairt



Le linn bhliain na tuarascála bhí rath nach beag ar fheachtais tiomsaithe airgid agus bailíodh €12.16 milliún nuair nach rabhthas ach ag súil le €10 milliún. 359 deontóir ar fad a bhí i gceist (daoine aonair, comhlachtaí, iontaobhais agus fondúireachtaí) sa bhliain seo i gcomparáid le 271 sa bhliain roimhe. Ar an iomlán, bhí 1,427 bronntanas i gceist agus thug cuid de na deontóirí níos mó ná bronntanas amháin i gcaitheamh na tréimhse agus deontóirí eile a dhein síntiúis. Coimeádadh roinnt mhaith deontóirí agus thugadar siúd breis, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann le deontóirí a choimeád ar an eolas mar gheall ar thionchar Cuireadh le **Tuairisc Tionchair Daonchairdis agus Lucht Tacaíochta 2021–22** agus le Lón na mBronntóirí agus reáchtáladh gníomhaíochtaí maoirseachta sainiúla. Fuair deontóirí atá dulta i léig cóipeanna leictreonacha den Tuairisc Tionchair agus chuir seanchairde áirithe fáilte ar leith roimpi.

Leanadh leis an bpleanáil ar Fheachtas Tiomsaithe Airgid le linn na bliana agus forbraíodh roinnt cásanna tacaíochta. D'éirigh leis an iarratas a cuireadh faoi bhráid Ghníomhaireacht Ioncaim Cheanada le bheith mar charthanas cláraithe lasmuigh de Cheanada, rud a chuireann ar chumas áitritheoirí i gCeanada bronntanais a thabhairt do COC atá níos éifeachtúla ó thaobh na cánach de. Chuir Fondúireacht Ollscoile Chorcaí fáilte roimh cheathrar ball nua ar an mbord le linn na bliana chomh maith.

**€12.16 milliún** **a tiomsaíodh le linn na bliana nuair a bhí sprioc de €10 milliún i gceist.**



### Cultúr an Daonchairdis agus an Chaidrimh le Páirtithe Leasmhara

Gnóthaíodh geallúint de €140,000 do Chiste Alumni COC as fónatón agus seoladh litreacha díreacha ar feadh coicíse agus gnóthaíodh €33,122 le haghaidh taighde ailse in COC mar aon le costais bhonneagair nuair a reáchtáladh Oíche ar an bPlás i gcomhpháirt leis na Seirbhísí Slándála agus baill foirne dheonacha. Thug siad siúd a d'fhreastail ar an Teacht le Chéile Órga chomh maith leis na ranganna seo a leanas bronntanais don Chiste Alumni: Leigheas (2012), Fiaclóireacht (2012), BA (1963) agus Innealtóireacht (1998). Cuireadh an físeán Mian na Nollag ar líne agus thaitin sé le 33,000 a dhein é a roinnt ar fud an domhain. Baineann scéal an fhíseáin le máthair agus mac ag siúl tríd an gcampas agus cnag a bhualadh ar dhoras an uachtaráin. Tugtar bronntanais dá chéile. Tagann an mhil ónár gcoirceoga féin agus seasann an choinneal lasta do chairdeas. Léiríodh pobal, daonchairdeas agus gníomhú ar son na haeráide sa scéal. Rinneadh uasghrádú rathúil agus aistríodh sonraí le haghaidh bhunachar sonraí na alumni anuas ar an ngnáthchumarsáid leictreonach a deineadh mar aon le clár teacht le chéile agus imeachtaí eile. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí uile agus chuathas i mbun ullmhúchán chun athrú a dhéanamh ar an gcaidreamh le páirtithe leasmhara.

Aitníodh ceathar i ndámhachtainí Gaiscí Alumni le linn na bliana as a gcuid inspioráide: Ross Fennett, An tOllamh Noel Gill, An Dr Maria Kelly agus Audrey O'Flynn.

# Airgeadas agus Acmhainní



## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach - Radharc Comhdhlúite

| | 30/09/2023 |
|---|---|
| | €'000 |
| Deontais an Stáit | 89,013 |
| Táillí Acadúla | 162,413 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 119,112 |
| Amúchadh dheontais chaipitiúla an stáit | 9,461 |
| Ioncam oibríochta eile | 51,313 |
| Ioncam Úis | 560 |
| Ioncam Infheistíochta | 535 |
| Maoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean | 43,023 |
| Síntiúis agus dearlaicí | 4,195 |
| Ioncam Iomlán | 479,625 |
| Costais foirne agus seirbhíse pinsin | 289,377 |
| Costais oibriúcháin eile | 115,206 |
| Costas pinsin agus úis eile | 60,857 |
| Luachlaghdú | 22,388 |
| Caiteachas Iomlán | 487,828 |
| Barrachas/(easnamh) roimh bhrabús/ chaillteanais eile | (8,203) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | - |
| Brabús ar dhiúscairt infheistíochtaí | 250 |
| Brabús/(caillteanas) ar infheistíochtaí | (618) |
| Barrachas/(esnamh) roimh cháin | (8,571) |

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 2022/2023

Thaifead COC easnamh de €8.57 milliún don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023. Ar phríomhchúiseanna an easnaimh bhí:

- **Boilsciú** a chuir méadú ar na costais oibríochta go léir faoi nach mór gach ceannteideal costais.
- **Bhí méadú níos moille ar tháillí agus é sin** ag 1% nuair a bhíothas ag súil le méadú ar ioncam na dtáille ag 3%.
- Bhí tionchar ag timpeallacht an ardaithe úis de bharr chinntí an ECB chun an boilsciú a laghdú i Limistéar an Euro.
- **Costais leanúnacha a bhaineann le hathchóiriú** pá san earnáil phoiblí mar aon le méadú réasúnta ar líon na bhfostaithe laistigh den ghrúpa.
- De dheasca thionchar fadtéarmach Covid-19 ar an úsáid a bhaintear as roinnt soláthar oideachais agus toisc nach mbíonn idir bhaill foirne agus mhic léinn ar an gcampas go fisiciúil chomh minic is a bhídís, tá athrú nóis tagtha ar eispéireas na mac léinn agus na foirne i dtaca le cúrsaí cianoibre agus cianfhoghlama.
- Chomh maith leis sin, bhí moill ar ioncam ó mhac-chuideachtaí a rabhthas ag súil leis sa bhliain 2023 agus táthar ag súil go bhfaighfear amhlaidh go luath in 2024.
- Cé gur chuir fochuideachtaí an ghrúpa go dearfach le mórthoradh an ghrúpa, ní raibh sin de réir ionchais.

Tá plean cuimsitheach á chur i bhfeidhm ag an ollscoil chun dul i ngleic leis na ceisteanna struchtúrtha atá mar bhonn leis an easnamh sa bhliain 2023. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo go bhfillfear ar staid barrachais le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024, i dtreo is go mbeidh COC inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí airgeadais de ina dhiaidh sin. Tá ceithre philéar sa phlean seo: costais oibríochta neamh-phárolla a laghdú; costais a bhaineann le fás an phárolla a bhainistiú; táillí agus ioncam oibríochta eile a fhás; ranníocaíochtaí ó fho-chuideachtaí leis an mórghrúpa a mhéadú.

€479.6 milliún ab ea Ioncam an Ghrúpa Iomlán sa bhliain 2022/2023 i gcomparáid le €452.6 milliún in 2021/2022 - méadú de €27 milliún  (5.9%). Tá deontais an stáit níos airde agus €8.78 milliún breise curtha leo - an phríomhchúis leis seo ná méaduithe ar an Deontas Athfhillteach, Deontas Déabhlóidithe agus ar an maoiniú ón gcomhaontú náisiúnta pá.. Tháinig méadú de c. €2.2 milliún ar ioncam na dtáillí acadúla go dtí €162.4 milliún i gcomparáid le leibhéal na bliana roimhe agus cuirtear na 'Táillí in Aisce' de €46.9 milliún (29%) san áireamh arna n-íoc ag an stát, rud a léiríonn an fás leanúnach in earcú na mac léinn.. €119.1 milliún atá i gceist le hIoncam Taighde agus é 16.7% níos airde ná an bhliain roimhe - rud a léiríonn go bhfuil gníomhaíochtaí agus caiteachas taighde ag teacht chucu féin tar éis Covid-19. Tháinig méadú ar ghníomhaíochtaí taighde in ionaid/institiúidí taighde agus is i méid a chuaigh an t-ioncam ó Thionscadail Eorpacha de bhua an dul chun cinn a deineadh i ndámhachtainí Chomhairle Taighde na hEorpa a ghnóthú. Tháinig méadú de €425k ar ioncam oibríochta eile bliain ar bhliain. Tá glanchaiteachas iomlán na bliana 2022/2023 ag €487.8 milliún, níos airde ná an €427.7 milliún a gnóthaíodh in 2021/2022, sna príomh-mhodhanna caiteachais arna ngríosú ag boilsciú níos airde agus dámhachtainí náisiúnta pá. Mar thoradh air sin - deireadh na bliana 2023 barrachas iomlán an ghrúpa is ea €8.57 milliún/tuillimh roimh ús, cáin, luachlaghdú agus amúchadh €9.1 milliún.

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais don Bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023

| | Comhdhlúite | |
|---|---|---|
| | **2023** | **2022** |
| | **€'000** | **€'000** |
| **Sócmhainní Neamh-reatha** | | |
| Sócmhainní Seasta | 684,396 | 688,897 |
| Sóchmainní Doláimhsithe | 8,156 | - |
| Sóchmainní Oidhreachta | 3,094- | 2,936 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachaí | - | - |
| Infheistíochtaí | 28,567 | 28,793 |
| | **724,213** | **720,626** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Fardal | 500 | 632 |
| Infháltais | 53,909 | 41,651 |
| Infheistíochtaí | 15,726 | 70,813 |
| Airgead sa Bhanc | 134,706 | 63,821 |
| | **204,841** | **176,917** |
| **Cuntais Iníoctha: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | **(343,368)** | **(271,096)** |
| **Glan-dliteanais reatha** | **(138,527)** | **(94,179)** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | **585,686** | **626,447** |
| **Cuntais Iníoctha: Méideanna a bheidh dlite tar éis bliana** | **(347,418)** | **(379,686)** |
| Dliteanas sochair scoir | (1,383,565) | (1,388,310) |
| Sochar scoir infhála | 1,380,403 | 1,385,226 |
| **Glan-sóchmainní iomlána** | **235,106** | **243,677** |
| **Cúlchiste srianta** | | |
| Ioncam agus caiteachas – cúlchiste srianta | 25,079 | 23,447 |
| **Cúlchiste srianta** | | |
| Ioncam agus caiteachas – cúlchiste neamhshrianta | 210,027 | 220,230 |
| **Iomlán** | **235,106** | **243,677** |

- Fás ar ghlan-sócmhainní de €8.57 milliún go dtí €235.1 milliún.
- Staid airgid de €150.4 milliún ag deireadh na bliana 2023 - lena gcuimsítear táillí a íocadh roimh ré agus íocaíochtaí roimh ré ar mhaithe le Maoiniú Taighde agus Capitiúil.
- Tháinig laghdú de €1.9 milliún ar iasachtaí bainc.
- In aghaidh na bliana, tháinig méadú de €12.26 milliún (29%) ar an mbliain roimhe. Is ann don mhéadú seo mar thoradh ar an athrú, in aghaidh na bliana, ar an uainiú maidir le hairgead áirithe a fháil le haghaidh dámhachtainí pá i ndiaidh dheireadh na bliana.
- Tháinig méadú ó €271.1 milliún go dtí €343.4 milliún ar chreidiúnaithe atá dlite laistigh de bhliain amháin, méadú de 25%. An phríomhchúis leis an méadú seo ná uainiú na n-íocaíochtaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí taighde áirithe maille le maoiniú a fháil le haghaidh dámhachtainí pá i ndiaidh dheireadh na bliana. Tá creidiúnaithe trádála laghdaithe go dtí €4.7 milliún, laghdú de €4.9 milliún ó dheireadh na bliana 2022. Is mar thoradh ar uainiú íocaíochtaí na gcreidiúnaithe trádála ag deireadh na bliana é seo chomh maith le héifeachtúlachtaí oibríochtaí leanúnacha an chaipitil oibre i ngnáthaimh próiseála íocaíochtaí grúpa. Tháinig méadú ar iasachtaí gearrthéarmacha bainc go dtí €5.72 milliún ó €8.7 milliún ag deireadh na bliana 2022. An chúis leis an méadú seo ná an tslí inar cuireadh roinnt iasachtaí de chuid na hOllscoile i láthair ag deireadh na bliana 2023.
- Áirítear i Ráiteas an tSoláthair Airgeadais - Cúlchistí Neamhshrianta cúlchistí athluachála FA de €134 milliún, deontais caipitiúla nach dtagann ón státchiste a bhaineann le FRS103 de €101 milliún - seach-churtha ag Cúlchistí Ioncaim/Ciste Iontaobhais agus Cúlchistí Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí a sheasann ag €15 mhilliún ar fad.

# Fo-Chuideachtaí



# Fo-Chuideachtaí

Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar fho-chuideachtaí COC (fo-chuideachtaí ar leis an ollscoil iad ina n-iomláine chun saoráidí a bhainistiú thar ceann na hollscoile) le cinntiú go bhfuil cuspóirí na bhfo-chuideachtaí seo faoi réir ag cuspóirí straitéiseacha na hollscoile. Leanadh le cur i bhfeidhm Chód Rialachais na bhFo-Chuideachtaí in Ollscoileanna Éireannacha.

D'oscail le linn bhliain na tuarascála Iostas **Champas COC lóistín** atá tógtha go speisialta le haghaidh mac léinn i Nead an Phréacháin. Dá bharr seo, tháinig méadú de 255 ar líon na leapacha atá á mbainistiú ag Iostas an Champais agus é ag 1,536 leaba ar an iomlán anois. Tháinig méadú ar láimhdeachas i **Seirbhísí agus Saoráidí na Mac Léinn** i ngach réimse agus tá líon na gcustaiméirí feabhsaithe agus é ag an leibhéal a bhí ann roimh phaindéim Covid-19. Tháinig méadú ar fhostaíocht na mac léinn, agus tá líon agus uaireanta na foirne ag an leibhéal a bhí ann roimh phaindéim Covid-19 arís. Bhuaigh Dánlann Lewis Glucksman Gradam Mhúsaem Ealaíne na hEorpa agus deineadh suntas ar leith de dhul chun cinn iontach na dánlainne i gcleachtadh coimeádaíochta, cúram na mbailiúchán agus sa dea-thionchar cultúrtha. Osclaíodh Spórtlann Neartaithe agus Aclaithe na Scoth-Lúthchleasaithe in Airéine na Muirdíge.

**255** **leaba do mhic léinn** — **in iostas na na mac léinn i "Nead an Phréacháin".**





# Rialachas

### An Oifig um Ghnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla
Le linn bhliain na tuarascála chuir an Oifig um Ghnóthaí Corparáideacha agus Dlíthiúla a struchtúr eagraíochtúil nua i bhfeidhm, rud a chruthaigh cur chuige níos lúfaire agus níos dírithe i leith seirbhísí a sholáthar agus a chur go mór le saol na hollscoile i gcoitinne.

### An tÚdarás Rialaithe
Roimh Údarás Rialaithe nua a cheapadh i mí na Samhna 2023, dhein OCLA na socruithe aistrithe a chur ar aghaidh chun Údarás Rialaithe nua cheapadh faoi réir ag reachtaíocht nua ar mhéid agus comhdhéanamh coistí rialaithe in ollscoileanna Éireannacha agus tá deich gcinn de na 13 phost líonta go dáta.

### Fo-chuideachtaí
Feabhsaíodh an rialú ar **fho-chuideachtaí** COC nuair a cuireadh Cód Rialachas nua a chur i bhfeidhm agus nuair a glacadh le moltaí a bhí déanta in athbhreithniú seachtrach ar na fo-chuideachtaí.

**914**
**ceist dlí**


**ar phléigh foireann dhlíthiúil leo ó 29 réimse éagsúil in COC.**

### Comhlíonadh Dlíthiúil agus Faisnéise
Phléigh an Fhoireann Dhlíthiúil le 914 ceist dhlíthiúil ó 29 réimse éagsúil in COC chun tacú le misean taighde COC agus comhairle dhlíthiúil ar cheisteanna dlí a sholáthar acu mar aon le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí nua, tráchtálú agus taighde cliniciúil. Cuireadh taighde dlíthiúil ar fáil chomh maith ar raon leathan de chúrsaí a bhaineann le mic léinn lena n-áirítear an Polasaí um Fhoréigean Gnéasach agus próisis smachta mhic léinn COC. Chuir Foireann Chomhlíonadh na Faisnéise sainoiliúint ar fáil ar fud na hollscoile agus phléigh le:

- 5 ghearán ón Ombudsman;
- mar aon le 58 measúnacht tionchair ar chosaint sonraí;
- 49 sárú sonraí;
- 28 iarratas ar sonraí a scriosadh/a fháil;
- 75 iarratas faoi Shaoráil na Faisnéise.

Seoladh uirlis scagtha nua, Measúnacht Tionchair na Sonraí, a bhí mar chúnamh chun comhlíonadh níos éifeachtaí a chinntiú maidir le riachtanais chosanta sonraí na dtaighdeoirí cliniciúla.

### Bainistíocht Riosca Fiontair
Leabaíodh Bainistíocht Riosca Fiontair (ERM) mar chuid de chultúr obair laethúil na hollscoile nuair a cruthaíodh Deasc Chabhrach ERM ina gcuirtear seirbhís chairdiúil, lúfar agus freagrúil ar fáil do chliaint. Cuireadh le líon na gclár oiliúna ar líne, agus forbraíodh córas iniúchta nua na Sláinte agus na Sábháilteachta.



# Ballraíocht an Choiste Rialaithe Dé Sathairn 1 Deireadh Fómhair 2022 - Dé Sathairn 30 Meán Fómhair 2023

**Príomh-Oifigeach:**
An tOllamh John O'Halloran,
Uachtarán

**Cathaoirleach:**
An Dr Catherine Day

**Oifigigh Shinsearacha:**
An tOllamh Stephen Byrne, Leas-Uachtarán & Cláraitheoir

**Ollúna/Comhollúna:**
An tOllamh Frédéric Adam
An tOllamh Nuala Finnegan
An tOllamh David Kerins
An tOllamh Anita Maguire
An tOllamh Barry O'Sullivan

**Foireann Acadúil:**
(seachas Ollúna/Comhollúna)
An tUas Michael Delargey
An Dr Finola Doyle-O'Neill
An Dr Angela Flynn
An Dr Heather Laird
An Dr Brian O'Flaherty

**Foireann:**
(seachas foireann acadúil)
An tUas Sinead Hackett
An tUas Gary Hurley
JP Quinn

**Mic Léinn:**
Asha Woodhouse, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn
Colm Foley Uachtarán Aontas na Mac Léinn
(ó Mheitheamh 2023)
Sinead Roche, Leas-Uachtarán, Aontas na Mac Léinn
Alison O'Mahony, Leas-Uachtarán, Aontas na Mac Léinn
(ó Mheán Fómhair 2023)
Dan Pierse, Oifigeach Iarchéime, Aontas na Mac Léinn
(ó Shamhain 2022)

**Ainmnithe ó Eagraíochtaí Seachtracha:**
Dermot Breen (IBEC)
An tUas Colm Leen (Comhlachas Tráchtála Chorcaí)
An tUas John Fitzgibbons (Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí)
An tUas Margaret Lane (Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí)

**Ainmnithe ón Aire Oideachais agus Eolaíochta:**
An tOllamh Maeve Conrick
An tUas Rose McHugh
An tUas Bride Rosney (go dtí Meán Fómhair 2023)
Folamh

**Céimithe:**
An tUas Owen Dinneen
An tUas Michelle Healy
An tUas Jennifer O'Sullivan

**Ard-Mhéara Chorcaí:**
An Comhairleoir Deirdre Forde
An Comhairleoir Kieran McCarthy (ó Iúil 2023)

**Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge:**
An Comhairleoir John O'Leary
An Comhairleoir Joe Conway (ó Iúil 2023)

**Ainmnithe ó Ollscoil na hÉireann:**
An Dr Valerie Mannix Boyle
An Dr Dermot O'Mahoney

**Ainmnithe ó Chomhairlí na gContaetha Riaracháin:**

| | |
|---|---|
| Corcaigh | An Comhairleoir Bernard Moynihan |
| Cathair agus Contae Phort Láirge | An Comhairleoir Seamus Ryan (Méara Cheantar Uirbeach Chathair Phort Láirge)<br>An Comhairleoir Jody Power (ó Iúil 2023) |
| Ciarraí | An Comhairleoir John Francis Flynn |
| Luimneach | Folamh |
| Tiobraid Árann | An Comhairleoir Michael Fitzgerald |



# Rogha Tuairisciú Meán

Le linn bhliain na tuarascála seo, léirigh rogha tuairisciú na meán go ndearnadh plé leathan agus fairsing le Scéal COC inar luadh COC 20,000 san meáin chlóite, ar líne agus sna meáin chraoltóireachta chomh maith le tionchar 158 billiún ó thaobh chlúdach an tuairiscithe de. Díol suntais ab ea cuid den tuairisciú idirnáisiúnta le linn na tréimhse sin a thugtar anseo thíos:

- **Mí Dheireadh Fómhair 2022:** Bronnadh cartlanna réalta Richard Harris, nach maireann, ar COC ar chothrom lá a bháis. Clúdaíodh amhlaidh go fairsing sna meáin lena n-áirítear: **The Guardian**, **The Irish Times**, **Hot Press Magazine**, **Irish Examiner** agus **Nuacht RTÉ**.
- **Mí na Samhna 2022:** Deineadh tuairisc i **Nuacht BBC** ar staidéar de chuid APC Micribhithóm Éireann ar Covid Fada faoi stiúir ag an Ollamh Liam O'Mahony agus a foilsíodh san Iris Allergy.
- **Mí na Nollag 2022:** Deineadh tuairisciú ar phleananna COC chun iarsmaí na hÉigipte a thabhairt ar ais tar éis plé idir rialtas na hÉigipte, rialtas na hÉireann agus Ard-Mhúsaem na hÉireann iontu seo: **The Telegraph**, **Nuacht BBC**, **Irish Central**, agus an **Arab Herald**.
- **Mí Eanáir 2023:** Rinne taighdeoirí in COC, faoi stiúir an Ollaimh Emma Wallace ó Roinn an Chleachtaidh Ghinearálta, torthaí a gcuid taighde a fhoilsiú sa British Journal of General Practice mar gheall ar an riosca a bhaineann le frithghníomhú díobhálach in aghaidh drugaí. Clúdaíodh an scéal in **The Guardian**, **The Evening Standard** agus **The Daily Mail Online**.
- **Mí Feabhra 2023:** Clúdaíodh ar na meáin náisiúnta é nuair a seoladh Plean Straitéiseach nua COC Go Buan Feasta agus luadh é chomh maith ar **Nuacht RTÉ** .
- **Mí an Mhárta 2023:** Deineadh cur síos in alt sa **The Los Angeles Times** ar obair a bhí déanta ag Mike Murphy, Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, ar ghníomhaíochtaí folláine sóisialta.
- **Mí an Mhárta 2023:** Scríobhadh alt in **The Guardian** mar gheall ar dhrugaí a chothaíonn an micribhithóm bunaithe ar thaighde a bhí á stiúradh ag an Ollamh John Cryan, An Leasuachtarán Taighde agus Nuálaíochta, ar ról na mhicróib na putóige ar rialú na meabhairshláinte agus a foilsíodh in Phsyiological Review.
- **Mí Aibreáin 2023:** Rinne eolaithe in COC agus sa Ghearmáin, lena n-áirítear an tOllamh John Morrissey ó Scoil na Micribhitheolaíochta taighde chun bunús na beorach lágair a thabhairt chun solais. Foilsíodh an taighde úrnua seo in FEMS Yest Research agus tuairisicíodh an taighde go forleathan sna meáin lena n-áirítear **The Daily Mail Online**, **The Telegraph**, agus **The Times UK**.
- **Mí Dheireadh Fómhair 2023:** Thuairiscigh an Irish Examiner ar an 21 Deireadh Fómhair mar gheall ar John Hodnett, Rugbaí na Mumhan agus Scoláire Quercus ar bronnadh céim air i staidéar spóirt agus corpoideachas.



*John Hodnett, An Mhumhain agus Rugbaí COC, i dteannta a thuismitheoirí Dan agus Margo, Michele Powerm, Bainisteoir Chlár Mhic Léinn Chumasacha Quercus, agus an tOllamh John O'Halloran, Uachtarán COC. Irish Examiner, 21 Deireadh Fómhair 2023.*

# Spléachadh ar COC

**7,233**
Bronnadh Céimeanna

**Sa chéad 1.1%**
d'Ollscoileanna ar fud an Domhain

**20%**
de Mic Léinn ar Chosáin Rochtana

Ioncam Taighde Dhírigh de
**€119.1m**

**An 7ú**
hOllscoil is Inbhuanaithe ar Domhan

Ioncam Bliantúil Iomlán de
**€479.6m**

**3,531**
Ball Foirne Acadúil, Taighde agus Riaracháin

**4,378**
Mac Léinn Idirnáisiúnta as 126 tír

**24,386**
Mac Léinn Chláraithe

**17,206**
Mac Léinn Fochéime

**7,180**
Mac Léinn Iarchéime

**119**
Cumann na Mac Léinn

**26%**
den Fhoireann Acadúil ón Iasacht

**1,689**
Mac Léinn in Aosoideachas Leanúnach

**210,000+**
Alumni ar fud an Domhain

**45**
Club na Mac Léinn